# RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS

## Leanúntas Tacaíochta



## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Riachtanais Speisialta Oideachais Leanúntas Tacaíochta Treoirlínte do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Teileafón: 01 8896400
Meán Fómhair 2007

Deartha ag PINK
Curtha i gcló ag Brunswick Press Ltd.
Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Le ceannach díreach ón:
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Nó tríd an bpost ó:
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Phost-Tráchtála,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón 01 6476834 Facs 01 6476843

€15 (do na Treoirlínte agus don Phacáiste Acmhainne le chéile)

**Is féidir an cháipéis seo a íoslódáil ó "Tuarascálacha/Foilseacháin" ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.education.gov.ie**



# Clár


FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR . . . . . . . . . . 1

RÉAMHRÁ . . . . . . . . . . 2

AR SCOIL – FREASTAL AR RIACHTANAIS NA NDALTAÍ GO LÉIR . . . . . . . . . . 3

LEANÚNTAS TACAÍOCHTA - FORLÉARGAS . . . . . . . . . . 6

TACAÍOCHT RANGA . . . . . . . . . . 11

CÁS-STAIDÉAR - *TOM* . . . . . . . . . . 17

TACAÍOCHT SCOILE . . . . . . . . . . 21

CÁS-STAIDÉAR - *MARY* . . . . . . . . . . 27

TACAÍOCHT SCOILE MÓIDE . . . . . . . . . . 31

CÁS-STAIDÉAR - *SALAH* . . . . . . . . . . 37

CÁS-STAIDÉAR - *MELANIE* . . . . . . . . . . 41




# Focal ón Stiúrthóir



Ba ghné thábhachtach de bheartas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta sna deich mbliana seo atá caite timpeallacht uileghabhálach scoile a fhorbairt i gcomhair daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Cuireadh go mór leis an líon múinteoirí agus leis an líon cúntóirí riachtanas speisialta chun tacú le scoileanna na daltaí seo a lánpháirtiú sa scoil. Aithnítear a thábhachtaí is atá ról na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne. Aithníonn an Roinn chomh maith, áfach, go bhfuil an ról lárnach a bhíonn ag múinteoir ranga maidir le riachtanais na ndaltaí go léir a aithint agus pleanáil a dhéanamh dá réir, ríthábhachtach ó thaobh lánpháirtiú éifeachtach daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Bíonn tréithe ar leith ag gabháil do gach leanbh agus d'fhéadfadh gur riachtanais éadroma nó throma na riachtanais speisialta oideachais a bheadh ag gabháil dóibh nó d'fhéadfadh gur riachtanais dhíomuana nó riachtanais bhuana iad. Dá bhrí sin moltar go n-úsáidfí cur chuige céimnithe chun na riachtanais a aithint agus clár a leagan amach do na riachtanais sin. Bhí an cur chuige sin mar bhonn ag an gcur chuige trí chéim don mheasúnú agus don idirghabháil a gcuirtear síos orthu sa bhileog eolais "Múnla Seirbhíse" de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus in imlitreacha ar oideachas speisialta a scaip an Roinn le déanaí. Oibríonn síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais i gcomhar le scoileanna chun cabhrú leo an cur chuige seo don mheasúnú agus don idirghabháil a fhorbairt.

Cuirtear leanúntas de nósanna imeachta measúnaithe agus idirghabhála i láthair sna treoirlínte seo ina dtugtar aitheantas do ról lárnach an mhúinteora ranga a fhaigheann tacaíocht de réir mar is cuí ó bhaill phearsanra oideachais speisialta na scoile agus ó ghníomhaireachtaí a fheidhmíonn taobh amuigh den scoil. Úsáideadh an téarma "leanúntas" chun go gcuirfí in iúl go bhféadfadh go mbeadh riachtanais speisialta oideachais ag gabháil do dhuine aonair ar phointe ar bith ar shlat leanúntais. Dá bhrí sin is cóir go mbeadh an leibhéal idirghabhála agus tacaíochta a thugtar ar scoil i gcomhréir leis na riachtanais sin agus leis an athrú a thagann orthu le himeacht ama.

Cuireadh na Treoirlínte seo i dtoll a chéile chun cabhrú le múinteoirí i mbunscoileanna riachtanais a aithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh orthu chun freastal ar na riachtanais sin. Is éard atá i gceist leis an bPacáiste Acmhainne a ghabhann leis seo comhairle phraiticiúil agus teimpléid ar féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh a sholáthar do mhúinteoirí ionas go mbeidís ábalta iad a úsáid nó iad a chur in oiriúint lena n-úsáid chun tacú le daltaí ina seomraí ranga agus ar scoil.

Tugtar cleachtas idirnáisiúnta chomh maith le dea-chleachtas sa tír seo san áireamh sna Treoirlínte seo. Is ann dóibh chun na Treoirlínte Tacaíochta Foghlama (2000) a chomhlánú agus chun iad a úsáid i gcomhar leis na Treoirlínte ar an bPróiseas um Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 2006). Is mór agam an t-aiseolas a fuarthas ó na daoine siúd a ndeachthas i gcomhar leo, lena n-áirítear múinteoirí, príomhoidí, Cumann Múinteoirí Éireann, An Chigireacht sa Roinn, An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta, An tSeirbhís Tacaíochta don Churaclam Bunscoile, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus foireann Choláiste Phádraig.
Tá súil agam go mbeidh na Treoirlínte agus an Pacáiste Acmhainne seo ina n-áis phraiticiúil ag múinteoirí agus go mbunófar an obair a bheidh ar siúl acu go rialta ar na teimpléid agus go gcuirfear in oiriúint iad de réir mar a bheidh oideachas na ndaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag athrú i scoileanna na hÉireann.

Paddy O Dwyer
Stiúrthóir, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais





# Réamhrá

Díríonn na treoirlínte seo ar an bpróiseas ar féidir le scoileanna agus le múinteoirí leas a bhaint as chun riachtanais speisialta oideachais daltaí aonair a aithint agus freastal ar na riachtanais sin i gcomhréir leis an tionchar a bhíonn ag na riachtanais sin ar fhoghlaim agus ar shóisialú na ndaltaí. Bogann an próiseas ó idirghabhálacha simplí sa seomra ranga go dtí idirghabhálacha atá níos speisialaithe agus níos aonaraí.

Cuimsítear múnla céimnithe measúnaithe agus idirghabhála i scoileanna mar réiteach ar fhadhbanna sa leanúntas tacaíochta a mhínítear sna treoirlínte seo. Tá trí phróiseas éagsúla sa mhúnla a d'fhéadfaí a úsáid i scoileanna agus déantar achoimre orthu thíos:

Is próiseas idirghabhála atá sa **Tacaíocht Ranga** a ndéanann an múinteoir ranga comhordú air agus a tharlaíonn sa ghnáthsheomra ranga.

Is próiseas measúnaithe agus idirghabhála atá sa **Tacaíocht Scoile** a ndéanann an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne comhordú air agus é nó í ag obair i gcomhar leis an múinteoir ranga. Beidh na hidirghabhálacha a tharlóidh ag an bpointe seo sa bhreis ar na hidirghabhálacha a bhaineann leis an tacaíocht ranga.

Is próiseas atá sa **Tacaíocht Scoile Móide** a chuirtear ar fáil nuair a lorgaíonn an scoil seirbhísí seachtracha ábhartha chun measúnú agus forbairt níos mine a dhéanamh ar chláir idirghabhála. Baineann an leibhéal seo le leanaí a bhfuil riachtanais chasta agus/nó riachtanais bhuana ag gabháil dóibh agus a mheastar nach bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh acu in ainneoin na n-idirghabhálacha a leagadh amach go cúramach ag an leibhéal roimhe seo.

Aithnítear go bhfuil leibhéil dhifriúla de riachtanais speisialta oideachais ann – idir riachtanais éadroma go troma agus riachtanais dhíomuana go fadtéarmacha – agus tacaíonn an dearcadh sin leis an múnla measúnaithe agus idirghabhálacha a ndéantar cur síos air anseo.

Cuireann an chomhairle agus na teimpléid a thugtar anseo leis an dea-chleachtas atá le tabhairt faoi deara cheana ar fud na tíre. Féadfaidh múinteoirí úsáid a bhaint astu nó iad a chur in oiriúint dóibh féin ar bhealaí a fheilfidh do chúinsí mar atá ag an am.

Tá sé i gceist go n-úsáidfí na treoirlínte seo i gcomhar le Treoirlínte Tacaíochta Foghlama (2000) agus an Cur Chuige Céimnithe ar Mheasúnú agus ar Idirghabháil a dtugtar breac-chuntas orthu san Imlitir ar Oideachas Speisialta 02/05. Is féidir iad a úsáid i gcomhar leis na Treoirlínte ar an bPróiseas um Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2006).

Tá an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais tiomnaithe dea-chleachtas a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na leanaí go léir ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus tiomnaithe tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí. Fáiltímid roimh aon aiseolas nó moltaí uait chun a thuilleadh forbartha a dhéanamh.

# Ar Scoil – Freastal ar riachtanais na ndaltaí go léir

## Cur Chuige Uile-Scoile

Bíonn riachtanais ag gach dalta, lena n-áirítear muintearas, sábháilteacht, cumarsáid a dhéanamh le daoine agus go ndéanfaí cumarsáid leo agus go mbeadh meas orthu agus gur mór ann iad. Ní mór do mhúinteoirí a thuiscint agus iad ag freastal ar na riachtanais sin go bhfoghlaimíonn a ndaltaí sa seomra ranga ach go bhfoghlaimíonn siad chomh maith as an éiteas agus as an gcultúr atá sa scoil. Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbeadh muid ar an airdeall ar an gcaoi a léiríonn cultúr, éiteas agus timpeallacht foghlama na scoile do na daltaí go bhfuil meas orthu agus gur mór ann iad. Tá an bealach ina mbíonn forbairt mhorálta, shóisialta, mhothúchánach, chultúrtha, intleachtúil agus fhisiciúil gach foghlaimeora á cur chun cinn sa scoil tábhachtach ó thaobh a leithéid d'éiteas cuimsitheach a fhorbairt.

Ní mór don mhúinteoir chomh maith an seomra ranga agus an scoil a chur i gcomhthéacs shaol na ndaltaí i gcoitinne. Is cóir na riachtanais chasta fhiseolaíocha, shóisialta agus mhothúchánacha a bhíonn ag leanaí agus iad ag dul ar scoil, a chur san áireamh chomh maith lena riachtanais foghlama ar scoil. Tá múnla úsáideach (agus sampla den chaoi ar féidir é a úsáid) sa Phacáiste Acmhainne chun riachtanais bhunúsacha na ndaltaí a mheas.

### Timpeallacht Dhearfach Foghlama a Chruthú sa Seomra Ranga

Déanann múinteoirí athruithe go leanúnach sa seomra ranga chun a chinntiú go bhfaighidh daltaí na torthaí is fearr agus is féidir as an bhfoghlaim. Athraíonn siad áit suite na ndaltaí sa seomra ranga, na gníomhaíochtaí agus na treoracha a thugann siad le haghaidh tascanna. Ní mór do mhúinteoirí, agus riachtanais na ndaltaí go léir á meas acu, a bheith ar an eolas faoi eagrú an tseomra ranga chomh maith le stíleanna múinteoireachta agus foghlama. D'fhéadfadh, dá bhrí sin, go smaoineodh múinteoirí ar ghnéithe den timpeallacht foghlama nár mhór a athrú chun go dtiocfadh feabhas ar an bhfoghlaim a bheadh ar siúl ag an dalta. Dá mbainfí úsáid as seicliostaí d'fhéadfadh go dtiocfaí orthu seo ar bhealach níos cuimsithí agus ar bhealach a mbeadh níos mó machnaimh ag baint leis.

Léigh an Pacáiste Acmhainne ina bhfuil cás-staidéar léiritheach agus sampla de Sheicliosta don Timpeallacht Foghlama.

### Idirdhealú

Freastalaíonn múinteoirí i ngnáthsheomraí ranga ar dhaltaí a bhfuil raon leathan ina gcumas agus ina riachtanais agus a bhfuil raon éagsúil ina dtaithí phearsanta/bhaile. Bíonn an méid a bhíonn daltaí ábalta a fhoghlaim agus a stíleanna foghlama éagsúil ó dhalta go dalta. Úsáidtear idirdhealú chun straitéisí, cur chuige agus ionchais múinteoireachta a chur in oiriúint don raon taithí, cumais, riachtanas agus stíleanna foghlama i ngnáthsheomra ranga. Lena rá ar bhealach eile, oibríonn modhanna agus cur chuigí difriúla múinteoireachta le daltaí difriúla. Is bealach tábhachtach é an t-idirdhealú inar féidir le múinteoir a léiriú do gach dalta go bhfuil meas air/uirthi agus gur mór ann é/í.


Is féidir freastal ar riachtanais thromlach na ndaltaí i ngnáthsheomra ranga trí éagsúlacht a bheith sna cur chuigí múinteoireachta sa rang sin.

Tugtar míniú in Aguisín I de na treoirlínte seo ar idirdhealú agus déantar cur síos ar chineálacha idirdhealaithe agus tugtar samplaí den chaoi a n-oibríonn sé sa seomra ranga.

Tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas idirdhealaithe i Mír I de Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities (Treoirlínte do Mhúinteoirí a Mhúineann Daltaí faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta) de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (téigh isteach ar www.ncca.ie).

**Daltaí a dteastaíonn cur chuige níos aonaraí uathu**

Bíonn riachtanais speisialta oideachais atá éagsúil nó aonarach ag roinnt daltaí i ngnáthsheomra ranga. Úsáideann múinteoirí straitéisí difriúla sa seomra ranga chun freastal ar riachtanais na ndaltaí seo agus bíonn cur chuige níos aonaraí in úsáid acu. Bíonn tacaíocht sa bhreis ar an tacaíocht a chuireann an múinteoir ranga ar fáil ag teastáil ó roinnt bheag eile daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Is múinteoirí eile sa scoil, amhail múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne agus múinteoirí tacaíochta eile agus/nó gairmithe nach mbíonn ag obair sa scoil a thugann an tacaíocht seo. Táthar ag súil go gcabhróidh na treoirlínte seo le múinteoirí a bhíonn ag tacú leis na daltaí seo.




**Bíonn cur chuige aonarach ón múinteoir ranga, ó mhúinteoirí tacaíochta agus ó ghairmithe seachtracha ag teastáil ó chéatadán beag daltaí ach braitheann sé sin ar riachtanais an dalta.**

## Réasúnaíocht i gcomhair Leanúntas Tacaíochta chun freastal ar riachtanais aonair


**Is fearr a dhéantar cur síos ar riachtanais daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais i dtéarmaí leanúntais agus dá bhrí sin is ar bhonn leanúntais chomh maith a thugtar tacaíocht dóibh.**

| Riachtanais Níos Éadroime | Riachtanais Níos Casta |
|---|---|
| Tacaíocht ranga i gcomhair riachtanais éadroma agus/nó dhíomuana | Tacaíocht aonarach do riachtanais atá níos casta agus/nó buana |

Tagraíonn an téarma tacaíocht sna treoirlínte seo do mheasúnú agus d'idirghabháil araon. Dírítear ar ghníomhartha dearfacha a aithint a bhféadfaí dul ina mbun agus a rachadh chun tairbhe don dalta/do na daltaí. Aithnítear na gníomhartha seo trí chur chuige chun fhadhbanna a réiteach a úsáid. Tugtar breac-chuntas ar phróiseas córasach ina bhfuil céimeanna agus a bhraitheann ar an bpointe ar an leanúntas a thagraíonn do riachtanais an dalta, ó thaobh a ndéine agus a mbuaine de. Ach is ceart go mbeadh na ceisteanna téamacha céanna mar bhonn leis an smaointeoireacht agus leis an ngníomh ag gach leibhéal:

- Cén t-údar imní atá ann?
- Céard is cúis leis?
- Cén chaoi ar féidir linn cúnamh a thabhairt?
- Ar oibrigh sé?

Léirítear sa léaráid cén cóimheas a bhíonn idir an méid tacaíochta a bhíonn ar fáil agus an méid acmhainní a leithdháiltear.




Dá bhrí sin, is próiseas measúnaithe, idirghabhála agus athbhreithnithe é an próiseas seo chun fadhbanna a réiteach.

# Leanúntas Tacaíochta

## TACAÍOCHT RANGA

Is iondúil gurb í an Tacaíocht Ranga an chéad chéim agus an chéim is comónta chun réiteach a fháil ar riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn. Baineann an réiteach seo le daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais atá éagsúil nó aonarach agus a mbíonn cur chuigí ag teastáil uathu don fhoghlaim agus/nó don iompraíocht a bhíonn sa bhreis nó a bhíonn éagsúil ó na cur chuigí siúd a theastaíonn ó dhaltaí eile ina rang.

Is iondúil go dtosaítear ag réiteach fadhbanna ag an leibhéal seo nuair a bhíonn imní ar thuismitheoir nó ar mhúinteoir faoi dhalta áirithe. Labhraíonn an múinteoir agus na tuismitheoirí le chéile faoin bhfadhb agus pléann siad straitéisí a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach. Bíonn na cur chuigí simplí, neamhfhoirmiúla a bhaineann le réiteach fadhbanna san áireamh sa Tacaíocht Ranga – cur chuigí a bhíonn in úsáid go minic ag múinteoirí ranga chun tacú le riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn.

Mheasfaí go mbeadh dalta a bheadh ag fáil tacaíochta sa seomra ranga ag céim 1 ó thaobh "Cur Chuige Céimnithe ar Mheasúnú, ar Aithint agus ar Phleanáil Cláir"
(Imlitir 02/05 ar Oideachas Speisialta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta)

## TACAÍOCHT SCOILE

Ní leor idirghabhálacha ó thaobh na tacaíochta ranga de i roinnt cásanna chun freastal go hiomlán ar riachtanais speisialta oideachais dalta. D'fhéadfadh dá bhrí sin gur ghá Tacaíocht Scoile. Ní mór don mhúinteoir ranga cabhair an mhúinteora tacaíochta foghlama/acmhainne a fháil don phróiseas chun fadhbanna a réiteach ag an bpointe seo agus áirítear leis an bpróiseas eolas a bhailiú ar bhealach níos córasaí agus Plean Tacaíochta Scoile nó Próifíl Foghlama an Dalta Aonair a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar cibé ceann.

Mheasfaí go mbeadh dalta a mbeadh tacaíocht ghrúpa nó tacaíocht aonair á fáil aige/aici ó am go ham agus tacaíocht ranga á fáil aige/aici ag céim 2 ó thaobh "Cur Chuige Céimnithe ar Mheasúnú, ar Aithint agus ar Phleanáil Cláir"
(Imlitir 02/05 ar Oideachas Speisialta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta):

## TACAÍOCHT SCOILE MÓIDE

Más riachtanais throma agus/nó riachtanais leanúnacha na riachtanais speisialta oideachais a bhíonn ag dalta is mó seans go mbeidh diantacaíocht ag teastáil uaidh/uaithi. Is gnách go mbíonn baint ag daoine nach baill d'fhoireann na scoile iad le Tacaíocht Scoile Móide sa phróiseas ar fhadhbanna a réiteach, ar mheasúnú agus ar idirghabháil. Is é an t-eolas a gheofar as na pleananna Tacaíochta Ranga agus Scoile an túsphointe chun fadhbanna a réiteach ag an leibhéal seo. Beidh tábhacht i gcónaí leis an tacaíocht ranga agus an tacaíocht scoile sa Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair.


Mheasfaí go mbeadh dalta a mbeadh diantacaíocht ar leibhéal níos airde á fáil aige/aici agus a bheadh páirteach i ngrúpa beag oibre a bheadh níos fócasaithe nó a mbeifí á mhúineadh/á múineadh as/aisti féin, ag céim 3 ó thaobh "Cur Chuige Céimnithe ar Mheasúnú, ar Aithint agus ar Phleanáil Cláir"
(Imlitir 02/05 ar Oideachas Speisialta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta):

Códú de réir dathanna sa tuarascáil

- TACAÍOCHT RANGA
- TACAÍOCHT SCOILE
- TACAÍOCHT SCOILE MÓIDE

*i* Cé gur chóir freastal ar riachtanais tosaigh thromlach na ndaltaí trí idirghabhálacha a tharlódh sa seomra ranga, d'fhéadfadh go rachadh líon beag daltaí ar scoil agus go mbeadh deacrachtaí níos suntasaí ag gabháil dóibh nó go mbeadh deacrachtaí acu a d'aithneofaí ar an bpointe. I gcásanna den sórt d'fhéadfadh go mbeadh an Plean Tacaíochta Scoile nó an Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnaí mar thúsphointe. Bhainfeadh sé seo sa chuid is mó de na cásanna le daltaí a bheadh nua sa scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbainfeadh sé chomh maith le daltaí eile dá dtarlódh ócáid a chuirfeadh isteach go mór orthu ar scoil.

Bainfidh na scoileanna úsáid as acmhainní de réir an leibhéil riachtanas.




Cabhraíonn síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le scoileanna acmhainn na scoile a fhorbairt chun go mbeidís ábalta freastal ar riachtanais na ndaltaí ag gach leibhéal.

## AN TACAÍOCHT A THUGANN SÍCEOLAITHE NA SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA SÍCEOLAÍOCHTA OIDEACHAIS DON PHRÓISEAS

Is féidir le síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais tacú le scoileanna chun cur chuigí uile- scoile a fhorbairt agus chun straitéisí a fhorbairt a d'fheilfeadh do na ranganna aonaracha/do ghrúpaí daltaí. Beidh siad páirteach sa ghnáthchúrsa chun comhairliúchán agus comhairle a thabhairt do dhaltaí a fhaigheann **Tacaíocht Ranga** agus **Tacaíocht Scoile** agus is dóigh go rachaidh siad ag obair go díreach leis an dalta, le tuismitheoirí agus le múinteoirí na ndaltaí a mbeidh tacaíocht ag leibhéal **Tacaíocht Scoile Móide** á fáil acu.

## ORGANISATION OF RESOURCES TO SUPPORT THE CONTINUUM OF NEED

Bíonn ceangal go minic idir freastal ar riachtanais daltaí aonair ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus na hacmhainní a bhíonn ar fáil sa scoil a eagrú. Aguisín 2 – tugtar breac-chuntas san aguisín sin ar an ngaol idir Leanúntas Tacaíochta agus na hacmhainní a leithdháiltear don scoil a eagrú – An Leithdháileadh Ginearálta agus na hacmhainní sin a leithdhálann An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar mhaithe le daltaí aonair.

# An Próiseas don Leanúntas Tacaíochta

Is cóir féachaint ar gach leibhéal tacaíochta mar phróiseas chun fadhbanna a réiteach lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

## An Próiseas

- A Túsphointe
- B Bailiú Eolais agus Measúnú
- C Pleanáil agus Idirghabháil
- D Athbhreithniú

## Róil agus freagrachtaí

## Cás-Staidéar



# Tacaíocht Ranga



# Tacaíocht Ranga



Is próiseas chun fadhbanna a réiteach atá sa Tacaíocht Ranga a dhíríonn ar riachtanais speisialta oideachais daltaí aonair a aithint agus freastal ar na riachtanais sin. Is daltaí aonair iad seo a mbíonn cur chuigí ag teastáil uathu don fhoghlaim agus/nó don iompraíocht sa seomra ranga a bhíonn sa bhreis nó a bhíonn éagsúil ó na cur chuigí siúd a theastaíonn ó dhaltaí eile. Is é/í an múinteoir ranga a bhíonn freagrach as idirghabhálacha ag an leibhéal seo.

## An Próiseas

### A Túsphointe

Tosaíonn an próiseas Tacaíochta Ranga nuair a léiríonn múinteoir, tuismitheoir nó gairmí eile go bhfuil imní air/uirthi faoi dhalta sa scoil. Is cóir comhartha ar bith a léireodh go bhféadfadh riachtanais bhreise nó speisialta oideachais a bheith ag dalta a chíoradh agus is cóir aghaidh a thabhairt air. D'fhéadfadh go mbainfeadh an imní le deacrachtaí foghlama agus/nó sóisialta, mothúchánacha agus iompraíocha a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an dalta dul chun cinn ag an ráta céanna is a dhéanann a phiaraí/a piaraí. D'fhéadfadh chomh maith gurb é nó í an múinteoir ranga a d'aithneodh na deacrachtaí seo trí bheith ag faire amach don dalta, trí scagadh a dhéanamh sa seomra ranga agus/nó trí nósanna imeachta measúnaithe. Tagann tuismitheoirí chomh fada leis an múinteoir ranga uaireanta mar go mbíonn imní orthu faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanbh. D'fhéadfadh gurbh fhiú na ceisteanna seo a leanas a mheas sula gcuirfí tús leis an bpróiseas Tacaíochta Ranga, is cuma cé a léireodh an imní.

- **An bhfuil scileanna agus iompraíocht an dalta ag teacht leis an raon a bheadh coitianta dá aoisghrúpa/dá haoisghrúpa féin?**
- **Cé méad a chuireann bearnaí ar bith i scileanna nó iompraíocht isteach ar fhoghlaim agus ar shóisialú an dalta?**
- **Cén chaoi a bhfuil idirghabhálacha simplí (athruithe ar an stíl mhúinteoireachta, idirdhealú) atá in úsáid cheana féin ag dul i gcion ar an dalta?**

Múineann múinteoirí, mar a míníodh sa réamhrá, ar bhealaí éagsúla chun freastal ar an raon leathan riachtanas a bhíonn sa seomra ranga acu. D'fhéadfaidís, ó am go ham, áiseanna feiceálacha a úsáid chun cabhrú leo siúd a mbíonn deacracht acu leis an éisteacht nó d'fhéadfaidís daltaí a chur ag obair i ngrúpaí chun cabhrú leo siúd a mbíonn sé níos éasca orthu foghlaim nuair a bhíonn siad ag féachaint ar dhaltaí eile nó nuair a bhíonn siad ag obair le daltaí eile. D'fhéadfadh an múinteoir cinneadh a dhéanamh bunaithe ar na freagraí a thugtar ar na ceisteanna thuas, gur leor roinnt athruithe a dhéanfaí ar an stíl mhúinteoireachta agus idirdhealú a dhéanamh sa seomra ranga chun freastal ar riachtanais an dalta. Nó b'fhéidir, ar an lámh eile, go socrófaí tús a chur leis an bpróiseas Tacaíochta Ranga

Imní Nochta

↓

Sainmhínigh an Fhadhb

↓

An bhfuil na scileanna agus an iompraíocht ag teacht leis an raon a bheadh coitianta dá aois/dá haois?

An bhfuil bearnaí sna scileanna agus san iompraíocht ag cur isteach go mór ar an bhfoghlaim agus ar an sóisialú?

An bhfuil idirghabhálacha simplí atá á ndéanamh agam ag dul i gcion air/uirthi?

| TÁ | NÍL |
|---|---|
| Táthar sásta le dul chun cinn an linbh sna socruithe atá ann faoi láthair do na daltaí go léir. D'fhéadfadh athruithe beaga a bheith riachtanach don stíl mhúinteoireachta/don idirdhealú? | Tá riachtanais éagsúla agus aonaracha ag an leanbh agus beidh Plean Tacaíochta Ranga riachtanach. Cuir tús leis an bPróiseas Tacaíochta Ranga |

## B Bailiú Eolais agus Measúnú:

Beidh ar an múinteoir eolas a bhailiú chun measúnú tosaigh a dhéanamh ar riachtanais bhreise nó speisialta oideachais an dalta lena n-áirítear pointí láidre agus buanna áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag an dalta. Beidh an t-eolas seo mar bhonn ag an bpleanáil.

D'fhéadfadh múinteoirí an cineál eolais seo a leanas a bhailiú sa chéim seo den phróiseas tacaíochta ranga.

### SA SEOMRA RANGA

- Suirbhé ar thimpeallacht foghlama (Tá sampla de Sheicliosta don Timpeallacht Foghlama sa Phacáiste Acmhainne)
- Samplaí oibre
- Pointí a tugadh faoi deara faoi fhoghlaim agus iompraíocht an dalta
- Torthaí ó thástálacha scagtha agus torthaí tástálacha eile nó próifílí

### DEARCADH AN DALTA

- Taithí phearsanta/dearcadh faoi dheacracht ar bith (ar bhealach a bheadh feiliúnach don aois)
- Dearcadh faoina bhfuil ag cabhrú leis/léi faoi láthair agus gníomhartha/straitéisí breise a cheapann sé/sí a chabhródh.

Tá sampla de sceideal agallaimh sa Phacáiste Acmhainne (lth 11).

### DEARCADH NA DTUISMITHEOIRÍ

- Eolas faoi shláinte agus faoi fhorbairt an dalta
- Gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ag cur le deacracht ar bith
- Eolas faoi fhoghlaim agus iompraíocht an dalta sa scoil nó sa bhaile
- A ndearcadh faoi nithe a d'fhéadfadh cabhrú leis an dalta

### DEARCADH DAOINE EILE

- Eolas ó scoileanna, naíonraí agus cláir ar freastalaíodh orthu
- Eolas a bheadh ar fáil sa scoil ó na seirbhísí sláinte nó na seirbhísí sóisialta

Tá Seicliosta Tacaíochta Ranga glan sa Phacáiste Acmhainne (lth 13).
D'fhéadfaí an seicliosta sin a úsáid chun cabhrú le múinteoirí eolas cuí a bhailiú faoin dalta aonair ag an gcéim seo den phróiseas.

## C Pleanáil agus Idirghabháil:

Casfaidh an múinteoir ar thuismitheoirí an dalta nuair a bheidh measúnú tosaigh déanta aige/aici ar riachtanais an dalta. Cuirfear plean simplí i dtoll a chéile a thabharfaidh breac-chuntas ar riachtanais bhreise oideachais an dalta agus na gníomhartha, lena n-áirítear cur chuigí aonaracha múinteoireachta agus bainistíochta, a ghlacfar chun freastal ar riachtanais an dalta. D'fhéadfadh go mbeadh gníomhartha a dhéanfadh tuismitheoirí an dalta sa bhaile chun tacú le forbairt a linbh san áireamh sa phlean chomh maith.

D'fhéadfadh gur chruinnithe neamhfhoirmiúla iad cruinnithe den sórt le tuismitheoirí agus d'fhéadfaí iad a eagrú ag ócáidí atá bunaithe cheana, cosúil le cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, nó d'fhéadfaí iad a eagrú sa bhreis ar na hócáidí sin.

### D'FHÉADFADH NA GNÍOMHARTHA SEO A LEANAS A BHEITH SAN ÁIREAMH

- straitéisí sonracha ranga / bainistíochta clóis a bheidh le húsáid
- modheolaíochtaí aonaracha múinteoireachta agus/nó an curaclam a úsáid
- béim a chur ar riachtanais aonaracha an dalta nuair a bhíonn idirghabhálacha ar siúl ina mbeadh an rang go léir páirteach mar shampla Am sa Chiorcal nó gníomhaíochtaí i ngrúpa beag

Is cóir dáta i gcomhair athbhreithniú a bheith sa Phlean Tacaíochta Ranga. D'fhéadfaí é a eagrú do dheireadh an téarma scoile. Mar shampla: is cóir na cineálacha idirghabhálacha atá beartaithe, an t-am a theastódh chun iad a chur i bhfeidhm agus an tréimhse ina mbeifí ag súil le réasún go mbeadh athrú dearfach le tabhairt faoi deara, a thabhairt san áireamh i ndáta an athbhreithnithe.

Is iad seo a leanas i ndáiríre an obair bhunúsach a bheidh le déanamh ag an múinteoir ranga ag an leibhéal seo

- Tuismitheoirí agus an príomhoide a chur ar an eolas faoin imní atá air/uirthi faoin dalta
- Cur chuige aonarach don fhoghlaim agus/nó iompraíocht a fhorbairt lena n-aireofaí an timpeallacht foghlama a chur in oiriúint agus/nó a thuilleadh idirdhealaithe a dhéanamh ar an gcuraclam.
- Monatóireacht a dhéanamh in imeacht ama ar an gcaoi ina dtéann na gníomhartha i gcion ar an dalta agus an dalta agus na tuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa mhonatóireacht seo.
- Taifead simplí i scríbhinn a choinneáil ar gach a bhfuil déanta (mar shampla Plean Tacaíochta Ranga).

Tá Plean Tacaíochta Ranga glan sa Phacáiste Acmhainne, (lth 17) agus tá spás ann i gcomhair nótaí athbhreithnithe.

## D An Próiseas Athbhreithnithe:

D'fhéadfadh an múinteoir ranga, na tuismitheoirí agus an dalta a bheith rannpháirteach (ar bhealach a bheadh feiliúnach don aois) san athbhreithniú ar ghníomhartha Tacaíochta Ranga agus is cóir díriú orthu seo a leanas:

- Mar a chuaigh idirghabhálacha foghlama/iompraíocha i gcion ar an dalta
- An dul chun cinn a rinne an dalta
- Éifeachtacht na ngníomhartha a glacadh
- Na chéad chéimeanna eile a mholtar

**D'fhéadfadh gurbh iad seo a leanas na torthaí a bheadh ar an bpróiseas athbhreithnithe:**

### LEANTAR AR AGHAIDH LE PLEAN TACAÍOCHTA RANGA DON DALTA

Má mheasann na tuismitheoirí agus an múinteoir go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an dalta ar na spriocanna d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh coinneáil leis an bplean sin. Is cóir ansin dáta i gcomhair athbhreithniú eile a shocrú chun a chinntiú go leanfar leis an dul chun cinn.



Má mheasann na tuismitheoirí agus an múinteoir, áfach, nach bhfuil an oiread dul chun cinn is a bhíothas ag súil leis á dhéanamh ar na spriocanna ní mór na cúiseanna atá leis sin a mheas. D'fhéadfaí socrú a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú ar na spriocanna agus go n-athrófaí na straitéisí a úsáideadh agus dá mba ghá sin chuirfí Plean nua Tacaíochta Ranga i dtoll a chéile. Níor mhór dáta d'athbhreithniú eile a shocrú ansin.

### NÍ THEASTAÍONN PLEAN TACAÍOCHTA RANGA ÓN DALTA A THUILLEADH

D'fhéadfadh nár ghá níos mó Pleananna Tacaíochta Ranga i gcás go mbeifí sásta leis an dul chun cinn tar éis don mhúinteoir agus do na tuismitheoirí líon áirithe athbhreithnithe a dhéanamh. D'fhéadfadh gur chuid rialta den chur chuige a úsáideann an leanbh anois na straitéisí a bhí ina gcabhair aige/aici go dtí seo.

### CUIRTEAR TÚS LE TACAÍOCHT SCOILE

Má aontaítear, tar éis athbhreithniú agus athruithe a bheith déanta ar an bPlean Tacaíochta Ranga, nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an dalta, d'fhéadfadh go socrófaí go gcuirfí tús leis an bpróiseas Tacaíochta Scoile.

## Róil agus Freagrachtaí

### AN MÚINTEOIR RANGA

Déanann an múinteoir ranga teagmháil leis na tuismitheoirí faoin gcinneadh tús a chur leis an bpróiseas Tacaíochta Ranga. Feidhmeoidh an múinteoir ranga, i gcomhar leis an dalta agus lena thuismitheoirí/lena tuismitheoirí, mar chomhordaitheoir sa phróiseas chun fadhbanna a réiteach, agus tagann sé seo le dea-chleachtas. Féadfaidh an múinteoir ranga comhairle a lorg ón múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne sa scoil chomh maith agus coinneoidh sé/sí an príomhoide ar an eolas. Is cóir dó nó di taifead d'eolas ábhartha a choinneáil agus iarrfar an t-eolas sin i gcás go mbeadh réiteach níos mionsonraithe ag teastáil chun an fhadhb a réiteach ag an leibhéal Tacaíochta Scoile.

### MÚINTEOIRÍ TACAÍOCHTA

Is é ról na múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne (agus/nó múinteoirí tacaíochta eile, má bhíonn siad ann) comhairle agus acmhainní a chur ar fáil don mhúinteoir ranga a chabhróidh leis/léi sa phróiseas measúnaithe agus a chabhróidh chun idirghabhálacha sa seomra ranga, agus sa bhaile más féidir é, a fhorbairt don dalta.

### AN PRÍOMHOIDE

Is é ról an phríomhoide nóta a dhéanamh, de réir bheartas riachtanais speisialta oideachais na scoile, go bhfuil an próiseas Tacaíochta Ranga á chur i bhfeidhm.

### GAIRMITHE EILE

D'fhéadfadh go mbeadh gairmithe eile cosúil le Síceolaithe Oideachais, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Múinteoirí ar Cuairt agus araile páirteach go hindíreach, d'fhéadfadh siad comhairliúchán nó comhairle a thairiscint maidir leis an gcur chuige ab fheiliúnaí do dhaltaí ar léir go luath go mbíonn deacrachtaí acu. Ina theannta sin d'fhéadfadh obair ar fhorbairt beartas, cleachtas agus tionscnamh uile-scoile a bheadh ann chun tacú leis na daltaí go léir ag a mbeadh riachtanais speisialta oideachais, a dhéanfaí i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, le foireann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus le gníomhaireachtaí seachtracha eile seachas iad, tacú le hidirghabhálacha ag an gcéim seo

# An Próiseas Tacaíochta Ranga

**Túsphointe**

Nochtann tuismitheoir/múinteoir nó gairmí eile a n-imní

Déanann an múinteoir na nithe seo a leanas a mheas …

An féidir dul i ngleic leis an imní sin trí chur chuigí múinteoireachta uile-ranga agus trí idirdhealú ranga?

**IS FÉIDIR**

Leantar leis na cur chuigí múinteoireachta idirdhealaithe

**NÍ FÉIDIR**

**An Próiseas Tacaíochta Ranga**

Leantar ar aghaidh leis an bPróiseas Tacaíochta Ranga. Críochnaíonn an múinteoir ranga an bailiú eolais agus an measúnú (Léigh an Seicliosta don Timpeallacht Foghlama, an Sceideal Agallaimh, agus an Seicliosta Tacaíochta Ranga).

**Pleanáil agus Idirghabháil**

Aontaíonn na tuismitheoirí leis an bPlean Tacaíochta Ranga agus cuireann an múinteoir agus na tuismitheoirí an plean i bhfeidhm (léigh an Plean Tacaíochta Ranga).

**Déantar athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Ranga**

(léigh an Plean Tacaíochta Ranga)
Socraítear...

**Leantar ar aghaidh** ag an leibhéal Tacaíochta Ranga

Sainmhínítear an Fhadhb an athuair agus déantar athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Tacaíochta Ranga agus **leasaítear** é

**Tús a chur leis an bPróiseas Tacaíochta Scoile**

*i*

Cé gur chóir freastal ar riachtanais tosaigh thromlach na ndaltaí trí idirghabhálacha a tharlódh sa seomra ranga, d'fhéadfadh go rachadh líon beag daltaí ar scoil agus go mbeadh deacrachtaí níos suntasaí ag gabháil dóibh nó go mbeadh deacrachtaí acu a d'aithneofaí ar an bpointe. I gcásanna den sórt d'fhéadfadh go mbeadh an Plean Tacaíochta Scoile nó an Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnaí mar thúsphointe. Bhainfeadh sé seo sa chuid is mó de na cásanna le daltaí a bheadh nua sa scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbainfeadh sé chomh maith le daltaí eile dá dtarlódh ócáid a chuirfeadh isteach go mór orthu ar scoil.

# Cás–Staidéar - Tom
## Tacaíocht Ranga

D'fhéadfadh go gcabhródh cás-staidéar Tom chun an próiseas agus an úsáid a bhainfí as na cáipéisí a luadh roimhe seo, a mhíniú níos fearr.




AINM AN DALTA Tom Dempsey | Dáta Breithe xx/xx/xx | RANG NAÍONÁIN BHEAGA

Tá Tom sna Naíonáin Bheaga. Deireann a mhúinteoir ranga nach dtugann sé aird sa rang. Labhraíonn sé le daltaí eile nuair a bhíonn siadsan ag obair. Ní bhreathnaíonn sé ar a mhúinteoir nuair a bhíonn sí ag caint agus ní chuireann sé a lámh in airde chun ceisteanna a fhreagairt ná ní ghlacann sé páirt in aon chomhrá a tharlaíonn sa rang. Bíonn sé deacair air treoracha bunúsacha duine le duine a leanúint agus treoracha a thugtar don rang go léir a leanúint.

# An Seicliosta Tacaíochta Ranga

AINM AN DALTA Tom Dempsey | Dáta Breithe xx/xx/xx | RANG Naíonáin bheaga | DÁTA Samhain 2006

| 1 EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | TRÁCHTAIREACHTAÍ |
|---|---|---|
| Teagmháil déanta le tuismitheoirí | tá | Cuireadh oscláin silte isteach nuair a bhí sé 3 bliana d'aois. D'fhreastail sé ar theiripeoir urlabhra agus teanga sula ndeachaigh sé ar scoil. Ní fios cén dáta. |
| Eolas faighte ó scoil roimhe seo/naíonra | tá | Dada. |
| Éisteacht | tá | Deacrachtaí nuair a bhí sé níos óige. Bhí sé deireanach nuair a thosaigh sé ag caint. Cuireadh oscláin silte isteach. Rinneadh monatóireacht air san ospidéal. |
| Amharc | tá | Go breá. Níl imní ar na tuismitheoirí ná ar an múinteoir |
| Riachtanais Leighis | tá | NÍL I GCEIST |
| Seicliosta na mbunriachtanas líonta isteach | níl | NÍL I GCEIST |
| Measúnú déanta ar an bhfoghlaim - scagadh | tá | Seicliosta BIAP de chuid Locke agus Beech 'Teach Talking' críochnaithe |
| Faire amach don stíl foghlama/cur chuige don fhoghlaim | tá | Éisteacht lag. Is cosúil go mbíonn sé ag faire agus ag aithris ar dhaltaí eile. Ní ghlacann sé páirt sa rang. Ní thuigeann sé treoracha i gceart (ná tascanna mar gheall air sin) ach ní iarrann sé ar an múinteoir iad a mhíniú dó. |
| Faire déanta ar iompraíocht | tá | Ní bhíonn mórán teagmhála aige le daltaí eile ach is cosúil go mbíonn sé sásta sa rang agus sa chlós. |
| An dalta curtha faoi agallamh | níl | Dúirt sé lena mháthair gur maith leis lá an chorpoideachais agus gur maith leis suí in aice le AP |
| Idirdhealú déanta ar obair ranga | tá | Úsáideadh leideanna feiceálacha. Dúradh na treoracha arís leis duine le duine. |
| Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint | tá | Cuireadh ina shuí ag barr an ranga os comhair an mhúinteora é. |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint | níl | NÍL I GCEIST |
| Comhairliúchán neamhfhoirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha | níl | Tuismitheoirí le heolas a iarradh ar an teiripeoir urlabhra agus teanga |
| 2. Gníomh Riachtanach | tá | Plean Tacaíochta Ranga |
| 3. Gníomhartha aontaithe le tuismitheoirí agus baill ábhartha foirne | tá | Plean Tacaíochta Ranga aontaithe. |



# Plean Tacaíochta Ranga

| IS IAD SEO A LEANAS AN IMNÍ ATÁ ORAINN: | ATHBHREITHNIÚ - DÁTA & TRÁCHTAIREACHTAÍ |
|---|---|
| – Bíonn sé deacair ar Tom treoracha a leanúint<br>– Bíonn drogall ar Tom labhairt amach sa rang | |
| **CEAPAIMID GO BHFUIL SÉ AG TARLÚ MAR GHEALL:** | |
| – nach dtuigeann Tom cuid dá bhfuil á rá ag an múinteoir<br>– nach dtuigeann Tom go bhfuil an múinteoir ag caint leis-sean chomh maith nuair a bhíonn sé/sí ag caint leis an ngrúpa | |
| **TÁ ROINNT STRAITÉISÍ A D'FHÉADFADH OIBRIÚ ANSEO:** | |
| – Labhairt go mall, a ainm a rá, leideanna feiceálacha a úsáid<br>– Leabhar gearrthóg don bhaile-don scoil agus pictiúir ann a úsáid chun comhrá a spreagadh agus chun go dtuigfí ceisteanna a thosaíonn le 'céard' agus chun go dtuigfí raon focal mar shampla cá bhfuil ...? Céard a dhéanann muid le ...? éadaí, ábhar scoile agus araile 06/02/06<br>– Scéal nuachta le hullmhú ag Tom (lena thuismitheoirí ar an mbealach chun na scoile) agus é a bheith aige le hinsint don rang gach maidin Luain. | Tá Tom níos fearr ann féin agus bíonn níos mó le rá aige nuair a bhíonn an rang ag comhrá. Is maith leis an leabhar gearrthóg agus is maith leis a bheith ag insint a chuid nuachta.<br>06/02/07 |
| **BEIDH A FHIOS AGAINN GO BHFUIL FEABHAS TAGTHA AR RUDAÍ...** | |
| Nuair a leanfaidh Tom gnáth-threoracha an chuid is mó den am sa seomra ranga agus nuair nach gá na treoracha a rá an athuair. Nuair a insíonn Tom scéal nuachta amháin don rang gach lá nó cibé cén lá a thugann an múinteoir leid dó agus an rang ag comhrá | Teastaíonn treoir duine le duine fós ó Tom<br>06/02/07 |
| **DÉANFAIMID ATHBHREITHNIÚ (DÁTA, AM AGUS AN DUINE A GHLAOFAIDH AN CRUINNIÚ)** (date, time and convenor) | |
| Ms Shaw chun athbhreithniú a shocrú i Feabhra 2007. | |

Sínithe: Múinteoir *Anne Shaw* Tuismitheoirí *Sarah Dempsey*

**DÁTA AN CHÉAD ATHBHREITHNITHE:** Feabhra 07 I láthair Sarah Dempsey agus Ms Shaw

Tá Tom sásta a bheith ina shuí leis an ngrúpa Dearg. Tugann Sarah le fios go bhfuil sí féin agus Paul an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag Tom agus creideann siad go bhfuil réiteach á fháil ar a chuid deacrachtaí. Thug Sarah tuarascáil ón teiripeoir urlabhra agus teanga chun na scoile. Tugadh síos inti go raibh deacrachtaí éadroma ag Tom ach níor moladh teiripe ach tugadh síos inti go bhféadfadh go gcuirfeadh cúinsí nua as go mór dó.

Aontaíodh go leanfaí leis na hidirghabhálacha thuas ach moladh go n-iarrfaí ar a phiaraí ag an mbord dearg a bheith ina 'ndlúthchairde éisteachta' aige. Molfaidh Ms Shaw Tom as a bheith ag éisteacht agus cuirfidh sí nótaí abhaile anois is arís chun a fheabhas is atá ag éirí leis a insint dá mhuintir.

Leanfar ar aghaidh ag an leibhéal Tacaíochta Ranga. Athbhreithniú i mí an Mheithimh 07

**DÁTA AN DARA ATHBHREITHNITHE** MEITHEAMH 07



# Tacaíocht Scoile



# Tacaíocht Scoile



Tá próiseas níos déine chun fadhbanna a réiteach i gceist le Tacaíocht Scoile agus baintear úsáid as eolas a bhailítear agus as idirghabhálacha a rinneadh sa phróiseas Tacaíochta Ranga. Bíonn baint ag na múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne leis an gcéim seo cé gurb é/í an múinteoir ranga a bhíonn freagrach go hiomlán as gach a fhoghlaimíonn an dalta. D'fhéadfadh gurb é nó gurb í an múinteoir ranga, más cuí sin, nó duine de na múinteoirí tacaíochta a bheadh i mbun an chomhordaithe. Is aige/aici a bheidh an ról ceannasach, tríd is tríd, maidir le fadhbanna a réiteach agus maidir lena thuilleadh measúnaithe, idirghabhálacha agus athbhreithnithe a chomhordú i gcomhar leis an dalta, baill eile foirne agus leis na tuismitheoirí.

## An Próiseas

### A Túsphointe

D'fhéadfadh an múinteoir ranga, an príomhoide agus na tuismitheoirí cinneadh a dhéanamh, nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar Phlean Tacaíochta Ranga an dalta, tús a chur leis an bpróiseas Tacaíochta Scoile. Glactar an cinneadh seo nuair a mheastar go mbíonn idirghabhálacha a bheadh sa bhreis, nó éagsúil ó na hidirghabhálacha a dhéantar sa Phlean Tacaíochta Ranga, riachtanach chun cur ar chumas an dalta a bheith ag foghlaim ar bhealach níos éifeachtaí. Beidh baill eile den fhoireann tacaíochta sa scoil rannpháirteach sa chinneadh seo de réir mar is gá.

### B Bailiú Eolais agus Measúnú

Bíonn a thuilleadh measúnú le déanamh, agus a thuilleadh eolais le bailiú sa phróiseas Tacaíochta Scoile agus úsáidfear an t-eolas seo chun Plean nua Tacaíochta a fhorbairt. Beidh sé tábhachtach eolas a bhailiú as na foinsí seo a leanas:

ÓN SCOIL
- Eolas a bhaileofar ón múinteoir ranga lena n-áirítear an Seicliosta Tacaíochta Ranga, Pleananna agus Athbhreithnithe
- Torthaí tástálacha scagtha agus torthaí tástálacha eile.

AS MEASÚNUITHE AONARACHA A RINNE AN MÚINTEOIR TACAÍOCHTA FOGHLAMA/ACMHAINNE AGUS AN MÚINTEOIR RANGA
(d'fhéadfadh ceann ar bith nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith i gceist)
- Torthaí trialacha caighdeánaithe gnóthachtála/measúnuithe diagnóiseacha/measúnuithe critéarthagartha
- Faire ar stíl foghlama
- Faire ar iompraíocht an dalta sa seomra ranga agus in áiteanna neamhfhoirmiúla cosúil le clós na scoile

Ó NA TUISMITHEOIRÍ
- An dearcadh atá acu faoi láthair faoi shláinte agus faoi fhorbairt an dalta, lena n-áirítear measúnuithe leighis ar bith
- Eolas faoi fhoghlaim agus faoi iompraíocht an dalta ar scoil agus sa bhaile agus a mbarúlacha fúthu
- Gnéithe a d'fhéadfadh cur le deacracht ar bith agus/nó leis an easpa dul chun cinn dóthanach atá á dhéanamh
- Dearcadh faoi bhearta breise a mheasann siadsan a chabhródh

ÓN DALTA
- Dearcadh pearsanta faoi dheacracht ar bith (ar bhealach a bheadh feiliúnach don aois)
- Dearcadh faoin méid a chabhraíonn leis an dalta faoi láthair
- Bearta breise a mheasann siadsan a chabhródh leo

Ó FHOINSÍ EILE
- Eolas agus comhairle a fháil, le toiliú na dtuismitheoirí, ó ghníomhaireachtaí eile cosúil leis na seirbhísí Sláinte agus Sóisialta, gníomhaireachtaí Deonacha, Bord Leasa Oideachais agus araile
- Taithí ó chláir ar freastalaíodh orthu taobh amuigh den scoil mar shampla clubanna obair bhaile, club óige

**Tá Seicliosta glan Tacaíochta Scoile sa Phacáiste Acmhainne (lth 18)**

## C Pleanáil agus Idirghabháil

Casfaidh an múinteoir ar thuismitheoirí an dalta nuair a bheidh eolas bailithe agus measúnú déanta. Cuirfear Plean Tacaíochta Scoile i dtoll a chéile ina leagfar amach an cineál deacrachtaí foghlama atá ag an dalta, ina míneofar spriocanna múinteoireachta, foghlama agus iompraíocha agus ina leagfar amach scála ama don athbhreithniú. Is cóir an plean a chur i bhfeidhm den chuid is mó i ngnáthshuíomh an tseomra ranga agus is cóir go gcuirfeadh cláir idirghabhálacha a bheadh bunaithe ar an scoil agus fócasaithe leis an bplean. D'fhéadfadh gníomhartha a dhéanfaí sa bhaile a chur san áireamh chomh maith.

D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa Phlean Tacaíochta Scoile

- Cur síos ar dheacrachtaí agus ar phointí láidre foghlama/sóisialta, mothúchánacha agus iompraíocha an dalta
- Spriocanna le baint amach i scála ama sonraithe
- Gníomhartha a dhéanfaí sa scoil agus sa seomra ranga chun tacú leis an dalta na spriocanna sin a bhaint amach: (sa rang agus sa scoil)
  - Cláir shonracha aonaracha
  - Obair Ghrúpa agus obair bheirte (lena n-áirítear mar shampla léitheoireacht bheirte, córas dlúthchairde, clár meantóireachta)
- Ábhair/trealamh a bheidh ag teastáil
- Na baill foirne a bheidh rannpháirteach i gcur i bhfeidhm gach gné den phlean
- Soláthar breise agus a mhinice is a bheidh an tacaíocht seo ar fáil
- Athruithe ar bith ar an sceideal oibre/ar an amchlár
- Páirteachas tuismitheoirí agus tacaíocht sa bhaile, aontaithe leis na tuismitheoirí
- Cúrsaí leighis, teiripe urlabhra agus teanga, agus araile
- Socruithe monatóireachta
- Dáta an athbhreithnithe

'Seard atá sa Leibhéal Tacaíochta Scoile go bunúsach ná na gnéithe go léir atá sa Leibhéal Tacaíochta Ranga móide tacaíocht bhreise agus/nó am teagaisc dírithe (m.s.ón múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne)

- D'fhéadfadh go ndéanfaí an mhúinteoireacht bhreise i ngrúpa beag nó le duine aonair nó le meascán den dá cheann istigh sa rang nó taobh amuigh den rang; bhraithfeadh sé sin ar chineál na riachtanas agus ar an scoil féin.

- Is é/í an múinteoir ranga nó an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne a dhéanann comhordú ar an bpróiseas Tacaíochta Scoile agus déantar taifead air sa Phlean Tacaíochta Scoile. D'fhéadfadh gur mhaith le múinteoirí atá eolach cheana ar Phróifíl Foghlama an Dalta Aonair (IPLP) faoi mar atá sna Treoirlínte Tacaíochta Foghlama é seo a úsáid mar mhalairt.

**Tá dhá shampla ghlana de na Pleananna Tacaíochta Scoile sa Phacáiste Acmhainne (lth 21 agus 22)**

Is cóir, nuair a bheidh an plean curtha i dtoll a chéile, gur cháipéis í a bheadh in úsáid nuair a bheadh monatóireacht chúramach á déanamh ar an gcaoi a ndeachaigh na gníomhartha a glacadh i gcion ar an dalta. Tabharfaidh sé seo deis do mhúinteoirí an leas is fearr a bhaint as cláir agus as modhanna agus eolas a chur ar fáil don phróiseas athbhreithnithe. Is cóir do mhúinteoirí na hidirghabhálacha a athrú agus iad a chur in oiriúint; bhraithfeadh sé seo ar an gcaoi a ndeachaigh siad i gcion ar an dalta agus ar an ráta dul chun cinn. Is cur chuige bunaithe ar thaighde ar an ngníomh atá anseo go bunúsach.

## D An Próiseas Athbhreithnithe

Socróidh an comhordaitheoir cruinniú athbhreithnithe idir an múinteoir/na múinteoirí agus na tuismitheoirí.

Is cóir don phróiseas athbhreithnithe díriú orthu seo a leanas:

- o An dul chun cinn atá déanta ag an dalta ar na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Tacaíochta Scoile chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh i gcoitinne
- o A mhéid is atá an plean ag freastal ar riachtanais an dalta
- o A éifeachtaí is atá na straitéisí a leagadh amach sa Phlean Tacaíochta Scoile
- o Dearcadh na dtuismitheoirí ar an dul chun cinn atá déanta sa bhaile chun tacú leis an dalta ar na bealaí a aontaíodh sa Phlean Tacaíochta Scoile
- o Dearcadh an dalta ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na hidirghabhálacha a aontaíodh sa phlean
- o Eolas nó comhairle bhreise a bhailítear as an bhfaire a dhéantar ar an gcaoi ina bhfuil na straitéisí foghlama agus bainistíochta ag dul i gcion ar an dalta; d'fhéadfadh siad seo a bheith mar bhonn ag pleanáil sa todhchaí
- o Na chéad chéimeanna aontaithe eile

D'fhéadfadh gurbh iad seo a leanas na torthaí a bheadh ar an bpróiseas athbhreithnithe:

### LEANTAR AR AGHAIDH LE PLEAN TACAÍOCHTA SCOILE DON DALTA

Is cóir go socrófaí spriocanna nua agus dáta athbhreithnithe má mheastar go bhfuil dul chun cinn an dalta sásúil.

Má mheastar, áfach, nach bhfuil an oiread dul chun cinn is a bhíothas ag súil leis á dhéanamh ar na spriocanna ní mór na cúiseanna atá leis sin a mheas. D'fhéadfaí socrú a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú ar na spriocanna agus go n-athrófaí na straitéisí a úsáideadh agus go gcuirfí Plean nua Tacaíochta Scoile i dtoll a chéile. Ní mór dáta d'athbhreithniú eile a shocrú ansin.

D'fhéadfadh go socrófaí leanúint ar aghaidh leis an bplean chun an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a choinneáil ar bun dá mbeadh an dul chun cinn sásúil fós tar éis an athbhreithnithe agus go socrófaí dáta eile don athbhreithniú ar an ngá a bheadh le leanúint ar aghaidh leis an bplean.

### IDIRGHABHÁIL DON DALTA A THÉANN AR AIS GO DTÍ AN SEOMRA RANGA AGUS PLEAN TACAÍOCHTA RANGA AIGE/AICI

D'fhéadfaí a shocrú tar éis athbhreithniú amháin nó tar éis líon áirithe athbhreithnithe nach dteastódh an Plean Tacaíochta Scoile ón dalta a thuilleadh dá mbeadh an dul chun cinn fós sásúil agus d'fhéadfaí socrú a dhéanamh faoi phlean Tacaíochta Ranga.

### CUIRTEAR TÚS LEIS AN BPRÓISEAS TACAÍOCHTA SCOILE MÓIDE

Is cóir, má léirítear in athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Scoile go bhfuil deacrachtaí an dalta ina mbacainní suntasacha fós ar fhoghlaim agus/nó ar shóisialú an dalta, riachtanais an dalta a mheas ag an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide (léigh leathanach 33 "Túsphointe")

Tá Taifead Athbhreithnithe glan sa Phacáiste Acmhainne (lth 23)

# Róil agus Freagrachtaí

## AN MÚINTEOIR RANGA

Téann an múinteoir ranga i gcomhairle leis an múinteoir/na múinteoirí tacaíochta, leis an bpríomhoide agus le tuismitheoirí an dalta faoi thús a chur leis an Tacaíocht Scoile. Déanann an múinteoir ranga a chion nó a cion maidir leis an bpróiseas chun fadhbanna a réiteach agus is é nó í a bhíonn freagrach fós as oibriú leis an dalta sa seomra ranga agus as tacaí ranga a sholáthar/a chinntiú faoi mar a socraíodh sa Phlean Tacaíochta Scoile.

## AN MÚINTEOIR AG GNÍOMHÚ MAR CHOMHORDAITHEOIR AR AN BPLEAN TACAÍOCHTA SCOILE

Tagann gach duine a bhíonn rannpháirteach sa phróiseas ar aontú faoin té is fearr chun an ról seo a ghlacadh. Glacann an múinteoir atá i mbun comhordaithe an ról ceannasach air féin nó uirthi féin agus leanann sé nó sí air/uirthi ag dul i gcomhairle le foireann na scoile, leis an dalta agus lena thuismitheoirí/lena tuismitheoirí fad is a bhíonn an próiseas ar bun. D'fhéadfadh go lorgódh an comhordaitheoir eolas breise nó comhairle ó ghairmithe eile chun cur leis na taifid atá ann ag an Leibhéal Tacaíochta Ranga nuair a bheadh an comhairliúchán leis na tuismitheoirí thart. Is cóir dó nó di taifead nó eolas ábhartha a choinneáil a bheadh mar bhonn dá mba rud é go mbeadh fadhbanna le réiteach ar bhealach níos mionsonraithe dá mba ghá sin ag an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide. D'fhéadfadh múinteoir ranga nó múinteoir tacaíochta an ról seo a ghlacadh.

## MÚINTEOIRÍ TACAÍOCHTA

Is iondúil go mbíonn páirt ag an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne sa phróiseas chun fadhbanna a réiteach nó sa phróiseas chun tacaíocht bhreise a sholáthar don dalta. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná múinteoir tacaíochta amháin i gceist i roinnt scoileanna –bhainfeadh sin leis an bhfadhb a bheadh ann (m.sh. Múinteoir tacaíochta teanga, múinteoir teagmhála baile is scoile nó múinteoir tacaíochta).

## AN PRÍOMHOIDE

Cuireann an príomhoide an cinneadh Plean Tacaíochta Scoile a chur i bhfeidhm ar taifead nuair a bhíonn toiliú na dtuismitheoirí faighte aige nó aici. Is cóir comhad a choinneáil ina mbeadh taifid i ndáil le measúnú, idirghabháil agus athbhreithnithe (ón leibhéal tacaíochta ranga agus ón leibhéal tacaíochta scoile araon).

## GAIRMITHE EILE

D'fhéadfadh gairmithe eile amhail Síceolaithe Oideachais, Síceolaithe Cliniciúla, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Múinteoirí ar Cuairt agus araile seirbhís chomhairliúcháin a chur ar fáil do mhúinteoirí. D'fhéadfadh siad comhairle a thabhairt chomh maith i ndáil leis na cur chuigí cuí don mheasúnú agus don idirghabháil a dhéanfaí le daltaí ar leith ach ní gá dóibh a bheith ag obair go díreach leis an dalta. Is cóir toiliú tuismitheoirí a lorg nuair a bhíonn plé ar siúl faoi dhalta aonair a ainmnítear. Is cóir a iomchuí is atá an páirteachas agus an gairmí atá i gceist a bheith ar fáil a phlé leis an ngairmí ar an gcéad ásc.

D'fhéadfadh gairmithe agus gníomhaireachtaí seachtracha tosú ar chomhairle agus/nó ar thacaíocht a thabhairt chun beartais, cleachtais agus tionscnaimh uile-scoile a fhorbairt ar mhaithe le dianchláir luathidirghabhála a sholáthar agus a fhorbairt do na daltaí ag a bhfuil riachtanais chosúla.

# Próiseas Tacaíochta Scoile

**Túsphointe**

Déanann an comhordaitheoir (d'fhéadfadh gurb eisean nó ise an múinteoir ranga) athbhreithniú ar na taifid ina bhfuil sonraí an phróisis Tacaíochta Ranga, sainmhínítear an fhadhb an athuair agus……....

Plean Tacaíochta Ranga a aontú agus a chur i bhfeidhm

**Bailiú Eolais agus Measúnú**

Déanann sé nó sí comhordú ar níos mó eolais a Bhailiú agus ar Mheasúnú a dhéanamh air (léigh an Seicliosta Tacaíochta Scoile) agus glacann an múinteoir ranga, an dalta, na tuismitheoirí agus múinteoirí eile páirt san obair de réir mar is cuí

**Pleanáil agus Idirghabháil:**

Aontaítear **Plean Tacaíochta Scoile** leis na tuismitheoirí agus cuireann an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne (agus, múinteoirí tacaíochta eile, b'fhéidir) an plean i bhfeidhm sa scoil (léigh an Plean Tacaíochta Scoile).

Sainmhínítear an Fhadhb an athuair agus déantar Athbhreithniú agus Leasú ar an bPlean Tacaíochta Ranga

Stoptar an Plean Tacaíochta Scoile

**Déantar athbhreithniú ar an bPlean**

**Tacaíochta Scoile** (léigh an tAthbhreithniú atá sa teimpléad) agus socraítear….

Leantar ar aghaidh ag an Leibhéal Tacaíochta Scoile

**Tús a chur leis an bPróiseas Tacaíochta Scoile Móide**

Cé gur chóir freastal ar riachtanais tosaigh thromlach na ndaltaí trí idirghabhálacha a tharlódh sa seomra ranga, d'fhéadfadh go rachadh líon beag daltaí ar scoil agus go mbeadh deacrachtaí níos suntasaí ag gabháil dóibh nó go mbeadh deacrachtaí acu a d'aithneofaí ar an bpointe. I gcásanna den sórt d'fhéadfadh go mbeadh an Plean Tacaíochta Scoile nó an Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnaí mar thúsphointe. Bhainfeadh sé seo sa chuid is mó de na cásanna le daltaí a bheadh nua sa scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbainfeadh sé chomh maith le daltaí eile dá dtarlódh ócáid a chuirfeadh isteach go mór orthu ar scoil.

# Cás-Staidéar - Mary
## Plean Tacaíochta Scoile

D'fhéadfadh go gcabhródh cás-staidéar Mary chun an próiseas agus an úsáid a bhainfí as na cáipéisí a luadh roimhe seo, a mhíniú níos fearr.



AINM AN DALTA Mary | DÁTA BREITHE xx/xx/xx | RANG Rang a 2

### Cás–Staidéar - Mary

Tá Mary i Rang a 2. Bhí Plean Tacaíochta Ranga aici ó thosaigh sí i Rang a 1. Tugann a múinteoir ranga, Ms Baker, le fios nach bhfuil an dul chun cinn a mbeifí ag súil leis ó Mary á dhéanamh aici d'ainneoin na modhanna idirdhealaitheacha a cuireadh i bhfeidhm sa seomra ranga. Deir Ms Baker go bhfuil léitheoireacht Mary stadach. Deir sí nach bhfuil aon eagar ar an obair scríofa a dhéanann sí agus go bhfuil an scríbhneoireacht agus an litriú go dona. Creideann Ms Baker go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil cumas Mary ag teacht le cumas a piaraí sa rang, d'ainneoin deacrachtaí litearthachta a bheith aici. Deir sí gur cailín deaslabhartha í Mary agus go n-éiríonn go maith léi sa Mhatamaitic agus i dtascanna nach dteastaíonn scileanna litearthachta lena n-aghaidh. Tá Mary ag tosú ag éirí trioblóideach sa rang. Bíonn sí ag caint le daltaí eile agus tá sí míshocair anois. Bíonn sé deacair uirthi obair scríofa a chríochnú. Chaith sí a cuid oibre isteach sa bhosca bruscair tamall ó shin in áit í a thaispeáint do Ms. Baker.

Beartaíonn Ms Baker labhairt le Ms Gallagher, an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne faoin imní atá uirthi le tamall anuas faoi Mary. Socraíonn siad, tar éis an chomhrá sin, go mbaileodh siad níos mó eolais agus go ndéanfaidh siad measúnú aonair ar Mary. Coinníonn Ms Baker súil ar iompraíocht Mary ar scoil agus baineann sí úsáid freisin as an sceideal agallaimh 'Mo chuid smaointe faoin scoil' chun léargas éigin a fháil ar an gcaoi a mbreathnaíonn Mary ar a cuid deacrachtaí féin. Cuireann sí trialacha caighdeánaithe litearthachta ar Mary. Baineann Ms Gallagher úsáid as an Non Reading Intelligences Test (NRIT) chun cumas ginearálta Mary a mheas. Iarrann sí ar Mary freisin roinnt obair scríofa gan chúnamh a dhéanamh chun a cumas scríofa a mheas agus déanann sí tástáil dhiagnóiseach litearthachta uirthi agus tá tástáil ar litriú i gceist léi seo.

Socraítear cruinniú idir an bheirt mhúinteoir agus tuismitheoirí Mary. Tá athrú ina hiompraíocht sa bhaile tugtha faoi deara ag tuismitheoirí Mary chomh maith. Ní bhíonn sí sásta a cuid obair bhaile a dhéanamh agus ní léifidh sí os ard os comhair a siblíní. Braitheann siad go bhfuil sí tar éis éirigh an- chomhfhiosach maidir le deacrachtaí atá aici ar scoil.

Socraíodh go bhfaighidh Mary tacaíocht bhreise litearthachta ó Ms Gallagher gach lá bunaithe ar an eolas a bailíodh. Socraítear ar phlean tacaíochta scoile agus cuirtear i bhfeidhm é.

# Seicliosta Tacaíochta Scoile

AINM AN DALTA Mary | DÁTA BREITHE xx/xx/xx | RANG Rang a 2

| 1 EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | TRÁCHTAIREACHTAÍ |
|---|---|---|
| Teagmháil déanta le Tuismitheoirí/ Caomhnóirí agus iad rannpháirteach | | Club obair bhaile socraithe |
| Éisteacht | | Go breá |
| Amharc | | Go breá |
| Riachtanais Leighis | | Dada |
| Measúnú déanta ar an bhfoghlaim (tástáil déanta ar na gnóthachtálacha scríofa, seicliostaí agus tástálacha diagnóiseacha déanta) | | NARA II: Cruinneas Léitheoireachta = 7ú peircintíl<br>Drumcondra Spelling test = 5ú peircintíl<br>Meánraon sa NRIT. Obair scríofa lag |
| Faire amach don stíl foghlama/cur chuige don fhoghlaim | | Gan mórán muinine aici aisti féin in obair litearthachta. Seachnaíonn sí obair scríofa. Oibríonn sí go mall agus is annamh a sheiceálann sí a cuid oibre. |
| Faire déanta ar an dalta, más cuí | | Bíonn sí níos míshocra nuair a bhíonn obair litearthachta ar siúl.<br>Éiríonn go maith léi in obair bhéil agus sa mhatamaitic.<br>Bíonn an chosúlacht air anois agus arís nach mbíonn sí sona sa rang<br>Ní bhíonn deacracht ar bith aici sa chlós. Tá cairde aici |
| An dalta curtha faoi agallamh | | Deir sí go n-airíonn sí an léitheoireacht agus an litriú deacair. Is maith léi a bheith ag obair le Ms. Gallagher. Tá náire uirthi faoi na deacrachtaí atá aici. Deir sí go mbraitheann sí go bhfuil sí 'dúr'. |
| Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint | | Níos mó deiseanna á gcur ar fáil anois le go mbeadh freagraí éagsúla ar obair ó bhéal/obair phraiticiúil/léaráidí i réimsí na n-ábhar ginearálta |
| Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint | | Dada |
| Comhairliúchán neamhfhoirmiúil nó foirmiúil faighte ó ghairmithe seachtracha | | Dada. Comhairliúchán le síceolaí as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais beartaithe, má theastaíonn sin tar éis an athbhreithnithe. |
| An múinteoir tacaíochta nó ball foirne eile ón scoil páirteach ann | | Bhí an múinteoir tacaíochta páirteach i mbailiú eolais agus sa mheasúnú |
| Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil | | Club obair bhaile |
| 2. Gníomh Riachtanach | | Plean Tacaíochta Scoile |
| 3. Gníomhartha aontaithe le tuismitheoirí agus baill ábhartha foirne | | Dáta socraithe don athbhreithniú |

Is cóir níos mó eolais, samplaí den obair, tuarascálacha agus an plean tacaíochta ranga a bheith istigh leis seo.

# Plean Tacaíochta Scoile

AINM AN DALTA Mary | RANG Rang a 2 | DÁTA TOSAITHE 12/01/07 | COMHORDAITHEOIR Mrs Gallagher

DÁTA AN ATHBHREITHNITHE 27/04/07 |

## Pointí láidre agus ábhar suime an dalta

Taitníonn Corpoideachas agus Spórt le Mary. Tá sí go maith ag matamaitic agus ag an obair ó bhéal.

## An imní is mó:

Tá peannaireacht Mary go dona, níl ord ná eagar ar an obair scríofa a dhéanann sí agus tá sí lag ag litriú. Tá sí ag tosú ag éirí trioblóideach sa rang. Tá sí ag tosú ag caint sa rang agus bíonn sé deacair uirthi obair scríofa a chríochnú.

Chaith sí obair isteach sa bhosca bruscair tamall ó shin in áit í a thaispeáint dá múinteoir.

## Ba mhaith linn go mbeadh sí/sé in ann (spriocanna):

40 focal as an liosta de na focail a úsáidtear go minic, a litriú
Ord agus eagar a chur ar na scéalta agus an tús, an lár agus an chríoch a bheith soiléir.
An obair scríofa a chríochnú agus í a thabhairt don mhúinteoir

## Straitéisí a bheidh in úsáid againn:

Litriú – Díriú ar cheithre fhocal le litriú gach seachtain. An cur chuige ar a dtugtar Litriú Ilchéadfaíoch ó Bhéal (Simultaneous Oral Spelling) a úsáid. Focail le húsáid in abairtí. Cluichí spraíúla agus cleachtadh le húsáid: mar shampla cluichí iascaireachta, snap, biongó agus araile. Cuntas le coinneáil ag Mary ar an dul chun cinn. Obair scríofa – Taispeáint do Mary conas teimpléad simplí a úsáid chun ord agus eagar a chur ar a scéalta (mar shampla Cé? Cén áit? Céard?)

Iompraíocht – Cairt réaltaí le húsáid nuair a bhíonn obair críochnaithe agus tugtha don mhúinteoir.

## Na baill foirne a bheidh rannpháirteach agus na hacmhainní a bheidh riachtanach:

Oibreoidh Ms. Gallagher ar an litriú agus ar obair scríofa le Mary 3 huaire in aghaidh na seachtaine.

Oibreoidh Ms Gallagher leis an múinteoir ranga ar scríbhneoireacht chruthaitheach uair amháin in aghaidh na seachtaine.

Tabharfaidh Ms. Baker féirín do Mary nuair a bheidh 10 réalta faighte aici.

## Tomhaisfimid dul chun cinn agus cé mar a éireoidh léi mar seo a leanas:

Nuair a bheidh Mary ábalta 3/4 focal a litriú i gceart gach seachtain as focail a roghnófar go randamach as an liosta don seachtú seachtain den téarma. Nuair a bheidh an sprioc ar an gcairt réaltaí bainte amach ag Mary uair sa tseachtain ar a laghad. Nuair a bheidh Mary ag déanamh gníomhaíochtaí a bhaineann le scríbhneoireacht chruthaitheach agus nuair a bheidh sí ábalta scéal a scríobh ina mbeidh an tús, an lár agus an chríoch soiléir. Nuair a léifidh Mary 75% de na spriocfhocail atá aici agus nuair a scríobhfaidh sí iad.

## Déanfaimid athbhreithniú (dáta, am agus an duine a ghlaofaidh an cruinniú):

Glaofaidh Ms. Gallagher cruinniú ar an 27/04/2007 ag 2.00.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sínithe ag: | Múinteoir/múinteoirí: | Fiona Gallagher | M. Baker |
| | Tuismitheoirí: | John Collins | Catherine Collins |

# Taifead Athbhreithnithe

AINM AN DALTA *Mary* | RANG *Rang a 2* | DÁTA BREITHE *xx/xx/xx* | DÁTA *27/04/`07*

I LÁTHAIR AG AN ATHBHREITHNIÚ: *Mr. & Mrs. Collins (tuismitheoirí)*
*Ms. Baker (múinteoir ranga)*
*Ms. Gallagher (Múinteoir Tacaíochta Foghlama)*

## Taifead Athbhreithnithe

CÉARD É AN GNÍOMH IS MÓ AR ÉIRIGH LEIS AGUS CÉN FÁTH?

*Tá an teimpléad atá aici chun scéalta a scríobh in úsáid ag Mary agus ní thugann duine ar bith leid di. Tá an-suim aici in ábhar an scéil. Chuaigh an chairt réaltaí i gcion go mór uirthi agus is breá léi aiseolas a fháil anois ar a cuid oibre.*

CÉARD É AN GNÍOMH IS LÚ AR ÉIRIGH LEIS AGUS CÉN FÁTH?

*Déanann Mary go maith ar an scrúdú litrithe gach seachtain ach ní chuireann sí an fhoghlaim seo i bhfeidhm sna seisiúin ar an scríbhneoireacht chruthaitheach.*

CÉARD IAD NA RIACHTANAIS ATÁ AG AN DALTA FAOI LÁTHAIR?

*Tá an-deacracht fós ag Mary leis an obair scríofa. Is minic a bhíonn botúin litrithe sa scríbhneoireacht gan chúnamh a dhéanann sí.*

CÉARD IAD NA GNIOMHARTHA A MHOLTAR?

*Leanúint leis na tacaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Cuideoidh Ms. Gallagher le Mary leabhar nótaí de na focail a mbíonn deacracht aici leo a choinneáil agus cláir ríomhaireachta a úsáid chun litriú a fheabhsú. Díreoidh Ms. Baker agus Ms. Gallagher ar an ábhar atá san obair scríofa agus ní déarfaidh siad dada go fóill faoin litriú a bheith lag. Rachaidh Ms. Gallagher i gcomhairle le síceolaí na scoile as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir le straitéisí agus cláir eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach.*

BREAC SÍOS CÉN CHAOI A NDÉANFAR NA GNÍOMHARTHA, CÉN DUINE A DHÉANFAIDH IAD AGUS CÉN UAIR A NDÉANFAR IAD

*Ms. Gallagher – mar a shonraítear thuas. Cabhróidh na tuismitheoirí léi leis an obair bhaile. Díreoidh na múinteoirí go fóill ar an ábhar seachas ar na spriocfhocail a bheidh le litriú.*

TRÁCHTAIREACHTAÍ ÓN DALTA/ÓN DUINE ÓG

*Thaitin le Mary a bheith ag obair le Ms. Gallagher agus tá sí an-dearfach faoin obair atá á déanamh aici sa rang agus faoi na réaltaí atá á bhfáil aici.*

TRÁCHTAIREACHTAÍ ÓN TUISMITHEOIR/ÓN GCAOMHNÓIR


*Braitheann tuismitheoirí Mary go bhfuil sí níos sona ar scoil agus go bhfuil sí níos tógtha lena cuid oibre ar scoil. Tá imní ar a tuismitheoirí, áfach, faoin gcaoi a gcuirfidh a cuid deacrachtaí isteach uirthi de réir mar a bheifear ag iarraidh uirthi níos mó obair scríofa a dhéanamh go leanúnach.*

Sínithe ag *Fiona Gallagher* Dáta: *27 Aibreán 07*



# Tacaíocht Scoile Móide

# Tacaíocht Scoile Móide





Beidh gairmithe seachtracha agus seirbhísí tacaíochta rannpháirteach i gcoitinne sa phróiseas Tacaíochta Scoile Móide - próiseas níos mionsonraithe a bhaineann le fadhbanna a réiteach chun cuidiú leis an dalta. Baineann tacaíocht scoile móide leis na daltaí sin ag a bhfuil riachtanais bhuana agus/nó throma agus chasta agus a mheastar nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh acu d'ainneoin idirghabhálacha a beartaíodh go cúramach agus a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a bhfuil sonraí fúthu sna pleananna Tacaíochta Ranga agus/nó Tacaíochta Scoile.

i

D'fhéadfadh go n-áireofaí roinnt daltaí a ndéantar freastal ar a riachtanais faoin bpróiseas Tacaíochta Scoile Móide faoi théarmaí an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) 2004. Ar an gcaoi chéanna, ní gá go mbeadh roinnt daltaí ag an leibhéal seo san áireamh faoi théarmaí an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu ach go rachadh an leibhéal idirghabhála atá sa chlár Tacaíochta Scoile Móide chun tairbhe dóibh. D'fhéadfadh daltaí faoi Mhíchumas Ardmhinicíochta agus Íosmhinicíochta a bheith sa ghrúpa seo mar a sainmhíníodh in Imlitir 09/04 ar Oideachas Speisialta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Sonrófar agus déanfar monatóireacht ar riachtanais agus ar idirghabhálacha na ndaltaí a dteastaíonn tacaíocht uathu ag an leibhéal seo tríd an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair.

## A Túsphointe

Cuirfear tús leis an bPróiseas Tacaíochta Scoile Móide má shocraítear, agus an Plean Tacaíochta Scoile á athbhreithniú, nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an dalta.

Tá samplaí den dea-chleachtas maidir le cúrsaí pleanála agus athbhreithnithe don phróiseas Tacaíochta Scoile Móide le fáil i dTreoirlínte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair. D'fhéadfaí na seicliostaí agus na teimpléid atá mar thacaí leis na próisis Tacaíochta Ranga agus Scoile a úsáid freisin mar chuid den phróiseas chun an Plean Oideachais ar bhonn dalta aonair a chur le chéile. Cuirfidh an t-eolas a bailíodh trí na próisis seo leis an bpróiseas Tacaíochta Scoile Móide chun fadhbanna a réiteach.

Ní mór an fhadhb atá ann, agus a éifeachtaí is a bhí na hidirghabhálacha a rinneadh go dáta a mheas go cúramach sula dtosófaí ar an bpróiseas seo mar tharlódh go dtiocfadh níos mó eolais as an measúnú a dhéanfaí ar an dalta agus gur measúnú agus soláthar ar bhonn níos aonaraí a bheadh ann mar thoradh ar an bpróiseas seo. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a mheas:

### AN CINEÁL IMNÍ

An bhfuil cruthúnas ann a thugann le fios:

- Go bhfuil riachtanais ag an dalta atá ina mbacainní suntasacha ar fhoghlaim agus/nó atá ag cur cosc air/uirthi caidreamh sóisialta a fhorbairt?
- Nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an dalta d'ainneoin na tacaíochta beartaithe atá á cur ar fáil cheana féin?

### MEASÚNÚ AGUS IDIRGHABHÁIL

An raibh na hidirghabhálacha foghlama agus/nó iompraíocha:

- Bunaithe ar chruthúnas soiléir as an measúnú?
- Pleanáilte go maith agus ar tugadh dóthain ama dóibh le go mbeadh toradh orthu?

Ba chóir go gcabhródh na seicliostaí agus na pleananna Tacaíochta Ranga agus Scoile a líonadh isteach don dalta roimhe seo chun na ceisteanna seo a mheas.

### COMHAIRLIÚCHÁN

Tuismitheoirí:

- Cén chaoi a n-airíonn siad faoi na hidirghabhálacha ar baineadh triail astu?
- An bhfuil siad sásta tús a chur leis an bpróiseas seo?

An Dalta:

Ar lorgaíodh tuairimí an dalta (ar bhealach a bheadh feiliúnach don aois/staid forbartha)

- Faoi na hidirghabhálacha agus na tacaí ar baineadh triail astu?
- Faoina ndearcadh ar an bhfadhb?

Múinteoirí:

- An ndeachthas i gcomhairle leis na múinteoirí go léir a oibríonn leis an dalta?
- Céard é a ndearcadh ar a éifeachtaí is a bhí na hidirghabhálacha agus na tacaí a cuireadh ar fáil cheana féin?

Gairmithe Seachtracha:

- Ar lorgaíodh comhairle ó ghairmithe seachtracha maidir le hidirghabhálacha ag an leibhéal Tacaíochta Ranga agus Scoile nó maidir le tús a chur leis an bpróiseas seo?

## B Bailiú Eolais agus Measúnú sa phróiseas Tacaíochta Scoile móide

Is iondúil gur múinteoir amháin a bheidh i mbun an chomhordaithe chun an leibhéal tacaíochta den Tacaíocht Scoile Móide a phleanáil. D'fhéadfadh gurb é nó í an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne nó múinteoir ranga an dalta an comhordaitheoir.

Cabhróidh an comhordaitheoir leis an múinteoir ranga agus le múinteoirí tacaíochta ar bith eile eolas a bhailiú a bheidh mar bhonn ag an bpróiseas measúnaithe agus d'fhéadfadh gairmithe seachtracha a bheith rannpháirteach ann freisin, de réir mar is cuí. Oibreoidh an comhordaitheoir seo go dlúth le múinteoirí agus tuismitheoirí an dalta chun na nithe seo a mheas:

- Eolas a bailíodh roimhe seo agus athbhreithnithe a rinneadh ar Phleananna Tacaíochta Ranga agus Scoile
- Faoi mar a chuaigh idirghabhálacha roimhe seo i gcion ar an dalta
- Eolas maidir le rannpháirtíocht gníomhaireachtaí seachtracha
- Réimsí ina bhféadfadh go mbeadh measúnú níos mionsonraithe a dhéanfaí ar scoil riachtanach
- Rannpháirtíocht gairmithe seachtracha

(léigh mír 2.1 de threoirlínte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar an bpróiseas um Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair mar a bhfuil seicliostaí samplacha chun eolas a bhailiú)

Nuair a bheadh an t-eolas bailithe agus toiliú na dtuismitheoirí faighte, d'fhéadfadh go n-iarrfadh an comhordaitheoir go mbeadh gairmithe seachtracha cuí rannpháirteach sa phróiseas (mar shampla Múinteoirí ar Cuairt, Síceolaithe Oideachais, Síceolaithe Cliniciúla, Síciatraithe, Teiripeoirí Saothair nó Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga).

**D'fhéadfadh go mbeadh páirt lárnach ag Síceolaithe Oideachais sa phróiseas chun fadhbanna a réiteach ag an leibhéal seo. Oibríonn síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais i gcomhar le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun fadhbanna a shoiléiriú trí chomhairliúchán agus trí chóimheasúnú breise. Comhoibríonn siad le múinteoirí chun idirghabhálacha a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu bunaithe ar an eolas a bhailítear agus cuirtear pointí láidre an dalta san áireamh sna hidirghabhálacha agus tugtar aghaidh ar a riachtanais aitheanta.**

## C Pleanáil agus Idirghabháil

Cuirtear Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair le chéile bunaithe ar an eolas a bhailítear.

**Is cóir go gcuirfí síos orthu seo a leanas sa Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair:**

- An cineál cumais, scileanna agus buanna atá ag an dalta agus an leibhéal ar a bhfuil siad sin aige/aici
- Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/ a dul chun cinn san oideachas
- Feidhmíocht oideachais an dalta faoi mar atá faoi láthair
- Riachtanais speisialta oideachais an dalta
- Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le soláthar don dalta a chuirfidh ar chumas an dalta tairbhe a bhaint as an oideachas (agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthrófar don dalta a chuirfidh ar chumas an dalta aistriú gan stró ón naíonra go dtí an bhunscoil) lena n-áirítear:
  - Straitéisí chun tacú le dul chun cinn agus le lánpháirtiú an dalta sa rang (tacaíocht ranga)
  - Idirghabhálacha/cláir do dhalta aonair agus/nó do ghrúpaí beaga/do rang speisialta
  - Modheolaíochtaí/cláir ar leith le cur i bhfeidhm
  - Trealamh/ábhair ar leith agus/nó tacaí Theicneolaíocht na Faisnéise más gá chun tacú leis an bhfoghlaim agus le teacht isteach ar an gcuraclam
  - Tacaíocht a fháil ón gCúntóir Riachtanas Speisialta más cuí
- Na spriocanna atá le baint amach ag an dalta i dtréimhse nach faide ná 12 mí mar shampla
  - Riachtanais tosaíochta foghlama an dalta
  - Spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha atá le baint amach.
- Socruithe monatóireachta agus athbhreithnithe atá le cur i bhfeidhm.

(léigh Treoirlínte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar an bpróiseas um Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair)

D'fhéadfadh gairmithe seachtracha a bheith ag obair go díreach leis an dalta nó d'fhéadfadh sé gur ag tabhairt comhairle a bheidís, ag tacú leis an múinteoir ranga agus leis an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne chun an plean a chur i bhfeidhm.

Is cóir go mbeadh tuismitheoirí an dalta agus an dalta féin (ar bhealach bheadh feiliúnach don aois) rannpháirteach i bhforbairt, i bhforfheidhmiú agus in athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair ar bhealach a bheadh feiliúnach don aois.

**Nuair a bheidh an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 curtha i bhfeidhm go hiomlán rachfar i gcomhairle leis an Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta maidir le Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair a ullmhú do dhaltaí a áirítear faoi théarmaí an Achta agus gheobhaidh siad cóip den phlean seo**

léigh an sampla de Bhileog Phleanála an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair agus sampla den Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair atá sa Phacáiste Acmhainne (lth 24 & 25)

## D An Próiseas Athbhreithnithe

Is cóir do chomhordaitheoir an chláir Tacaíochta Scoile Móide an próiseas athbhreithnithe a eagrú. Is cóir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí páirt a ghlacadh san athbhreithniú seo. Is cóir do ghairmithe seachtracha agus d'Eagraí um Riachtanais Oideachais Speisialta an réigiúin páirt a ghlacadh ann más cuí nó más gá.

### Is cóir go ndíreodh an próiseas athbhreithnithe ar na nithe seo a leanas:

- Dul chun cinn atá déanta ag an dalta ó thaobh spriocanna a bhaint amach
- Eolas breise ar bith agus/nó torthaí measúnaithe
- Éifeachtacht na straitéisí/na modheolaíochtaí a úsáideadh
- Éifeachtacht na n-ábhar/an trealaimh a cuireadh ar fáil
- Éifeachtacht na dtacaí (dalta, grúpa, rang) a cuireadh ar fáil
- Gníomh le déanamh

Léigh Bileog Athbhreithnithe an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair atá sa Phacáiste Acmhainní (lth 26)

D'fhéadfadh gurb iad seo na torthaí a bheadh ar an bpróiseas athbhreithnithe:

### TEASTAÍONN IDIRGHABHÁIL ÓN DALTA FÓS AG AN LEIBHÉAL TACAÍOCHTA SCOILE MÓIDE:

Má bhíonn an dul chun cinn a rinne an dalta sásúil féadfar Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair cothrom le dáta a leagan amach. Má mheastar go dteastaíonn leasú a dhéanamh ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair is cóir plean nua nó plean a bheadh curtha in oiriúint a leagan amach. Má bhíonn dul chun cinn an dalta sásúil go leanúnach tar éis an phróisis athbhreithnithe d'fhéadfadh go socródh gach duine a bheadh i gceist ann go bhfágfaí tréimhsí níos faide idir gach athbhreithniú agus go dtarlódh sin de réir a chéile.

### NÍ THEASTAÍONN IDIRGHABHÁIL ÓN DALTA AG AN LEIBHÉAL TACAÍOCHTA SCOILE MÓIDE AR CHOR AR BITH ANOIS:

Má bhíonn dul chun cinn an dalta sásúil go leanúnach d'fhéadfadh gach duine atá i gceist ann a shocrú nach dteastaíonn an dianleibhéal tacaíochta atá á cur ar fáil ón dalta ar chor ar bith anois agus go mbeadh sé/sí in ann déileáil leis an gcuid is mó de thascanna an tseomra ranga ach beagán tacaíochta sa bhreis a bheith aige/aici. Sa chás seo d'fhéadfaí a shocrú go bhfreastalófaí ar riachtanais an dalta trí Phlean Tacaíochta Scoile a chur i bhfeidhm.

## Róil agus Freagrachtaí

### AN MÚINTEOIR RANGA

Déanann an múinteoir ranga a chion nó a cion maidir le measúnú agus pleanáil agus is é nó í a bhíonn freagrach as oibriú leis an dalta sa seomra ranga agus as tacaí ranga a sholáthar/a chinntiú.

### AN COMHORDAITHEOIR

Glacann an múinteoir a bhíonn freagrach as comhordú air féin nó uirthi féin a bheith i gceannas ar phróiseas na Tacaíochta Scoile Móide a thúisce is a chuirtear tús leis an bpróiseas.

Bíonn an méid seo a leanas i gceist leis sin, de ghnáth:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na n-idirghabhálacha a bhíonn mionsonraithe sa Phlean Tacaíochta Ranga agus sa Phlean Tacaíochta Scoile
- Comhordú a dhéanamh ar an measúnú a dhéantar ar dheacracht foghlama/ar dheacracht shóisialta, mhothúchánach agus iompraíoch an dalta agus riachtanais oideachais speisialta a aithint lena n-áirítear gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha a bheith rannpháirteach sa phróiseas, mar is cuí, agus le toiliú na dtuismitheoirí.
- Comhordú a dhéanamh ar Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair a chur le chéile
- Dul i dteagmháil leis an gComhordaitheoir um Riachtanas Speisialta Oideachais faoi mar is cuí
- Monatóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha agus tacú leo agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair, oibriú i gcomhar leis an múinteoir ranga, leis na múinteoirí tacaíochta, le gairmithe seachtracha agus tuismitheoirí na ndaltaí a rannpháirtiú.

### MÚINTEOIRÍ TACAÍOCHTA

Is iondúil go mbíonn páirt ag múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne agus/nó múinteoirí acmhainne sa phróiseas measúnaithe agus sa phróiseas idirghabhála araon. D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht bhreise á cur ar fáil acu trí dhaltaí a thógáil amach as rang nó trí tacaíocht a thabhairt sa rang. Tharlódh sé, ag an leibhéal seo, go bhféadfadh go mbeadh níos mó ná aon mhúinteoir tacaíochta amháin ag obair le dalta.

### AN PRÍOMHOIDE

Cuireann an príomhoide tús an phróisis a bhaineann leis an Tacaíocht Scoile Móide ar taifead nuair a bhíonn toiliú na dtuismitheoirí faighte aige nó aici. Is cóir don phríomhoide a chinntiú, de réir na ndea-chleachtas, go gcoinnítear comhad ina mbíonn na taifid a bhaineann le toiliú le rannpháirtíocht ghairmithe seachtracha, leis an bpróiseas measúnaithe, le hidirghabhálacha, le hathbhreithnithe agus le taifid ar phróisis don tacaíocht scoile agus ranga a bhí ann roimhe sin.

**Nuair a bheidh an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004) i bhfeidhm go hiomlán luaitear ann "the principal shall …cause a plan to be prepared" do na daltaí sin a chomhlíonann na téarmaí atá in Alt 3 den acht.**

### GAIRMITHE EILE

D'fhéadfadh go mbeadh gairmithe eile amhail Síceolaithe Oideachais, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Múinteoirí ar Cuairt rannpháirteach chun comhairle a thabhairt trí raon cur chuigí measúnaithe díreacha nó indíreacha agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí aonair agus/nó dá múinteoirí agus áirítear leis sin ionchur a bheith acu i bpleananna idirghabhála do dhaltaí aonair.

# An Próiseas Tacaíochta Scoile Móide

**Túsphointe**

Nochtann tuismitheoir/múinteoir nó gairmí eile a n-imní

Measann an comhordaitheoir…

An bhfuil riachtanais na ndaltaí ina mbacainní suntasacha ar fhoghlaim nó an bhfuil siad á gcosc ar chaidreamh sóisialta a fhorbairt?

An leor an dul chun cinn atá ag tarlú fiú amháin agus tacaíocht ar fáil?

An raibh na hidirghabhálacha, a bhí bunaithe ar an gcruthúnas as an measúnú pleanáilte go maith agus ar tugadh dóthain ama dóibh le go mbeadh toradh orthu:

Socraíonn an comhordaitheoir go ndéanfar athbhreithniú ar na fadhbanna atá á léiriú agus ar na taifid atá ann ón gcomhairliúchán leis an dalta, leis na tuismitheoirí, leis na múinteoirí ranga agus tacaíochta agus le gairmithe seachtracha, mar is cuí.

Déantar athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Scoile agus cuirtear i bhfeidhm é

**Bailiú Eolais agus Measúnú**

Déanann an comhordaitheoir comhordú ar níos mó eolais. Bíonn an múinteoir ranga, na múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne agus múinteoirí tacaíochta eile, gairmí seachtrach/gairmithe seachtracha, an dalta agus tuismitheoirí rannpháirteach sa Bhailiú Eolais agus sa Mheasúnú.

**Pleanáil agus Idirghabháil**

Aontaítear ar Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair leis an dalta agus leis na tuismitheoirí agus cuireann na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta i bhfeidhm sa scoil é (Léigh Bileog Phleanála an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair, An Plean Oideachais ar bhonn Dalta aonair agus an bileog athbhreithnithe.


Stoptar an Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

Sainmhínítear an fhadhb an athuair agus déantar athbhreithniú ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

**Athbhreithniú – Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair**

Déanann múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíochta agus gairmithe seachtracha athbhreithniú ar an dul chun cinn ar an bPlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair leis an dalta agus leis na tuismitheoirí agus socraíonn siad…..

Leantar ar aghaidh ag an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide





# Cás-Staidéar 1 - Salah
## Tacaíocht Scoile Móide

D'fhéadfadh go gcabhródh cás-staidéar Salah chun an próiseas agus an úsáid a bhainfí as na cáipéisí a luadh roimhe seo, a mhíniú níos fearr.

AINM AN DALTA: Salah | DÁTA BREITHE xx/xx/xx | RANG Naíonáin Mhóra

CÁS-STAIDÉAR - SALAH SALAH

Tá Salah sna Naíonáin Mhóra. Ba sna Naíonáin Bheaga a thosaigh sé nuair a tháinig sé isteach sa scoil agus bhí sé cúig bliana d'aois ag an am. Bhí teiripe urlabhra agus teanga á fáil aige mar go raibh sé mall ina chuid cainte. Ní labhraíodh Salah ach focal nó dhó ar scoil agus b'annamh leis tús a chur le comhrá lena phiaraí. Bhíodh deacracht aige le tascanna laethúla a bhain le maireachtáil go neamhspleách, a chóta a chur air/a bhaint de, mar shampla. Bhíodh deacracht ag Salah le gnéithe den fhoghlaim fhoirmiúil ar nós nithe a chomhaireamh suas go 3 agus ar nós foghlaim conas litreacha a aithint.

Tá tacaíocht faighte ag Salah ag an leibhéal Tacaíochta Ranga agus Tacaíochta Scoile. Cuireadh Plean Tacaíochta Scoile le chéile agus tá monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh air.

Aontaíodh ag cruinniú a bhí ann le déanaí go raibh tionchar suntasach fós ag deacrachtaí foghlama Salah ar a dhul chun cinn i ngach réimse den churaclam in ainneoin go raibh dul chun cinn déanta aige i roinnt réimsí. Aontaíodh go gcuirfí tús leis an bpróiseas Tacaíochta Scoile Móide. D'iarr an scoil go mbeadh síceolaí as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais rannpháirteach sa phróiseas seo. Bhain cuid d'obair an tsíceolaí le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú cognaíoch agus oiriúnaitheach Salah . Ba é an toradh a bhí ar an measúnú seo go bhfuarthas amach go raibh Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom ag gabháil do Salah, go raibh sé an-mhall ó thaobh scileanna teanga agus cumarsáide agus scileanna féinchabhrach de agus go raibh sin ag cur isteach go mór ar a fhoghlaim agus ar a fhorbairt shóisialta.

AINM AN DALTA: Salah | RANG Naíonáin | DATE 10/11/06

# Bileog Phleanála An Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

## Dul chun cinn go Dáta/ Pointí láidre

An cineál cumais, scileanna agus buanna atá ag an leanbh agus an leibhéal ar a bhfuil siad sin aige/aici

*Tá Salah níos socraithe síos ar scoil anois agus tá sé ag tosú ag imirt le leanaí eile agus is féidir leis imirt in éineacht le leanbh amháin eile ó am go ham. Taitníonn le Salah a bheith ag éisteacht le scéalta agus is maith leis scéalta faoi ainmhithe, go háirithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Salah ó thaobh treoracha a leanúint chomh fada is go dtugtar na treoracha dó ina gceann is ina gceann agus i gcéimeanna beaga. Tá caidreamh dearfach déanta aige le foireann na scoile, go háirithe leis an múinteoir acmhainne agus leis an gCúntóir Riachtanas Speisialta.*

## Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo

Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an linbh agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/ a dul chun cinn

*Tá deacracht ag Salah le foghlaim fhoirmiúil. Níl ainmneacha ná fuaimeanna na litreacha foghlamtha aige fós agus níl ach 4-5 focal ar shúilaithne aige (as an léitheoir ranga atá aige). Tugann na gníomhaíochtaí matamaitice a dhúshlán agus níl sé réidh chun tabhairt faoin suimiú fós. Teastaíonn cúnamh ó Salah chun a scileanna sóisialta a fhorbairt – freastal a fháil ar na riachtanais atá aigesean agus fanacht lena sheans, mar shampla. Tá bunscileanna ann nach bhfuil ag Salah fós – aire a thabhairt dá threalamh féin, a chóta a fháil agus a áit a ghlanadh tar éis am lóin, mar shampla.*

### Feidhmíocht Oideachais an linbh faoi mar atá faoi láthair

*Tá ainm 10 litir agus fuaimeanna roinnt litreacha (a, c, d, m, s, t) ar eolas ag Salah. Tá ar a chumas comhaireamh suas go 10 de ghlanmheabhair agus aithníonn sé na huimhreacha 1 agus 2 nuair a bhíonn siad scríofa síos. Ní thuigeann Salah an chomhfhreagracht aon le haon fós. Tá sé ag feidhmiú go sóisialta agus go hacadúil mar a dhéanfadh leanbh níos óige, ag leibhéal naíonra/ ag leibhéal Naíonáin Bheaga, luath, b'fhéidir.*

## Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais

Riachtanais Speisialta Oideachais an linbh

*Tá riachtanais speisialta oideachais ag Salah a bhaineann leis an míchumas foghlama ginearálta éadrom atá aige (féach ar thuairisc ó shíceolaí i nDeireadh Fómhair 2006) agus tá riachtanais eile aige a bhaineann le réimse na teanga agus leis an réimse scileanna sóisialta a fhorbairt.*

## Soláthar Speisialta Oideachais

Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don leanbh


*Chuir an tUasal Fahy, an Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne raon idirghabhálacha i bhfeidhm do Salah ag an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide.*

- *2 uair sa tseachtain don litearthacht (in éineacht le dalta amháin eile).*
- *2 sheisiún sa tseachtain ag obair ar scileanna sóisialta agus ar obair theanga i ngrúpa beag.*
- *seisiún amháin ina aonar don mhatamaitic agus roinnt tacaíochta istigh sa rang.*

*Bíonn tacaíocht ar fáil ón gCúntóir Riachtanas Speisialta a chuireann leis na scileanna don mhaireachtáil neamhspleách.*

## Tuilleadh Eolais

*Tá comhairle ón teiripeoir urlabhra agus teanga sna comhaid.*



AINM AN DALTA: Salah | DÁTA BREITHE xx/xx/xx | RANG Naíonáin Mhóra | DATE 10/11/06

# Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

## Spriocanna Fadtéarmacha

- Salah a bheith rannpháirteach sa Chlár do na Naíonáin Mhóra (an clár idirdhealaithe go h-oiriúnach)
- Scileanna don mhaireachtáil neamhspleách agus scileanna sóisialta a fhorbairt
- Luathscileanna léitheoireachta agus uimhreacha a fhorbairt

## Spriocanna agus Straitéisí

Na spriocanna atá le baint amach ag an dalta taobh istigh de thréimhse nach faide ná 12 mí

### Spriocanna

- Go mbeidh ar chumas Salah gnáthchúrsaí an lae a chur de, a chóta a fháil agus a chur air, a bhosca lóin a fháil, ithe agus gan a bhéal a bheith oscailte, glanadh suas tar éis lóin, ábhar a chur sa bhosca bruscair agus a lámha a ní tar éis dó bheith ag an leithreas
- Foghlaim le fuaim na litreacha tosaigh a aithint, a léamh agus a scríobh
- É a bheith ar chumas Salah na fuaimeanna tosaigh agus na fuaimeanna deiridh a aithint óna chéile
- stór focal súilaithne (20 focal as an scéim léitheoireachta ranga) a fhorbairt
- É a bheith ar chumas Salah leabhair shimplí a léamh dá mhúinteoirí agus dá thuismitheoirí (Oxford Reading Tree Stage 2)

### Straitéisí

- Meabhrúcháin agus comhairle ón múinteoir agus ón gCúntóir Riachtanas Speisialta. Scileanna sóisialta a mhúineadh agus a chleachtadh leis an múinteoir tacaíochta agus leis an gCúntóir Riachtanas Speisialta. An scil seo a chleachtadh sna seisiúin ar scileanna sóisialta/ar an teanga. Leid a thabhairt sa rang agus ag am súgartha.
- An iompraíocht a bhfuil súil leis ó Salah a bheith ag tarlú ar scoil agus sa bhaile agus Salah a mholadh dá bharr. An Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith ar fáil chun cúnamh a thabhairt do Salah; leideanna fisiciúla a thabhairt dó ar dtús ach nach mbeadh ann ach leideanna ó bhéal de réir mar a bheadh an téarma á caitheamh.
- Tacaíocht foghlama dó féin amháin ceithre mhaidin sa tseachtain. Léifidh tuismitheoirí Salah leis gach lá agus cuideoidh siad leis chun litreacha mórthimpeall air a aithint agus imreoidh siad cluichí leis.
- Cuirfidh an múinteoir ábhair choinchréiteacha ar fáil chun luathchoincheapa na n-uimhreacha a fhorbairt. Tacaíocht aonair ón Uasal Fahy, nithe coincréiteacha agus uimhreacha ar ghreanpháipéar. Tabharfaidh na tuismitheoirí tacaíocht dó sa bhaile, mar shampla nuair a bhíonn an bord á leagan (cúig áit ag an mbord, na sceana, na foirc agus araile a chomhaireamh.)
- Cumarsáid leis an mbaile maidir leis na scileanna atá á múineadh.

Sínithe: (Ball Foirne): Michael Fahy

Tuismitheoir/Tuismitheoirí: Amy Johnson

Dáta: 10 / 11 / '06

Dáta Athbhreithnithe Molta: 29 / 04 / '07

AINM AN DALTA Salah | DÁTA BREITHE 29/04/'07 | RANG Naíonáin Mhóra

# Bileog Athbhreithnithe an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

## Dul chun cinn go Dáta/ Pointí láidre

(cineál agus leibhéal cumais, scileanna agus buanna an dalta)

*Tá ag éirí go maith le Salah lena Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair. Tá cara nua aige (duine éigin a chónaíonn in aice láimhe). Tháinig feabhas suntasach ar a scileanna sóisialta agus tá ar chumas Salah gnáthchúrsaí an lae a chur de anois agus deir sé 'le do thoil' agus 'go raibh maith agat'.*

*Tá dul chun cinn seasta á dhéanamh ag Salah sa léitheoireacht agus tá an chuid is mó de léitheoirí Oxford Reading Tree Stage 2 críochnaithe aige.*

## Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo

(Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an chaoi ina gcuireann siad sin isteach ar a dhul chun cinn/ a dul chun cinn)

*Tá deacracht ag Salah fós le gach réimse den teanga agus teastaíonn treoracha simplithe agus roinnt éigin idirdhealaithe uaidh. Ní féidir brath ar na foghrúcháin atá aige fós agus níl Salah réidh chun foghrúcháin a chur ag obair ar an léitheoireacht ná ar an litriú.*

*Tá tionchar ag deacrachtaí foghlama ginearálta éadroma Salah ar gach réimse den fhoghlaim fhoirmiúil.*

### Feidhmíocht oideachais an dalta faoi láthair

*Léiríonn measúnú litearthachta an chláir MIST go bhfuil laigí suntasacha ag Salah sa luathlitearthacht, go háirithe maidir le litreacha a scríobh amach. Teastaíonn nithe coincréiteacha ó Salah fós nuair a bhíonn sé ag obair le huimhreacha. Tá sé fós ag feidhmiú ar leibhéal ag a mbeadh dalta níos óige (Naíonáin Bheaga luath)*

## Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais

(Riachtanais speisialta oideachais an dalta)

*Tá riachtanais speisialta oideachais ag Salah fós a bhaineann lena mhíchumas foghlama ginearálta éadrom.*

## Soláthar Speisialta Oideachais

(Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don dalta)

*Leanúint den soláthar ag an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide. Is féidir an tacaíocht do na scileanna sóisialta a laghdú anois, agus is seisiún tacaíochta ranga, ar mhaithe le scríbhneoireacht agus le smacht mínluaile a fhorbairt, a bheidh anois i gceann de na seisiúin a bhíodh ann roimhe seo don ghrúpa teanga agus do na scileanna sóisialta. Ní athrófar na tacaí eile; beidh siad mar a bhí siad sa phlean roimhe seo.*

## Tuilleadh Eolais

*Tá Salah á mheas i gcomhair Measúnú Athbhreithnithe Urlabhra agus Teanga.*

*Tá dul chun cinn thar na bearta á dhéanamh ag Salah agus má choinníonn sé air mar seo táthar ag súil go bhféadfadh sé filleadh ar an leibhéal Tacaíochta Scoile den tacaíocht, ag deireadh rang a haon, b'fhéidir.*

## Cás-Staidéar a 2 - Melanie
## Tacaíocht Scoile Móide

Is sampla an cás-staidéar seo ar Melanie den phleanáil a dhéantar le haghaidh dalta a thagann ar scoil agus riachtanais shuntasacha aitheanta aige/aici. Tógadh an cás-staidéar seo as Na Treoirlínte ar Phróiseas um Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 2006)



AINM AN DALTA: **Melanie O'Donoghue** | RANG **Rang a hAon** | DÁTA BREITHE **6/1/'97**
Date of Plan XXX

Cás–Staidéar **Melanie**

Is cailín seacht mbliana d'aois atá i rang a haon í Melanie agus tá sí trína chéile. Níor tháinig Melanie isteach sa scoil go dtí mí Dheireadh Fómhair na bliana acadúla seo nuair a cuireadh faoi chúram áras leanaí áitiúil í nuair a thit a socrúchán altrama as a chéile. Duine de chúigear leanaí í Melanie agus tá siad go léir faoi chúram altrama i láthair na huaire. Tá an bheirt deirfiúr is sine (14 agus 16) atá aici ina gcónaí le gaolta agus tá an bheirt deartháir (3 agus 6) in éineacht agus iad faoi chúram altrama. Is cosúil go dteastóidh ó Melanie a bheith faoi chúram fadtéarmach agus tá an bord sláinte ag breathnú isteach sna roghanna di. Tá athair Melanie marbh agus is féidir lena máthair cuairt a thabhairt ar Melanie ag amanna mírialta faoi mhaoirseacht. Feiceann Melanie a cuid deirfiúracha agus a deartháireacha gach mí chomh maith.

Is beag eolas atá againn i láthair na huaire faoin scoil ar fhreastail Melanie uirthi roimhe seo. D'fhreastail sí ar scoil i Learpholl ach níl taifid ar bith ar fáil faoi láthair ar an scolaíocht a fuair sí ansin. Tá an chosúlacht ar an scéal nach raibh Melanie ar scoil ó go luath i mí an Mheithimh anuraidh. Rinne foireann ildisciplíneach as na Seirbhísí Síciatrachta do Leanaí agus d'Ógánaigh measúnú uirthi agus leithdháladh uaireanta múinteoireachta acmhainne ar an scoil bunaithe ar na riachtanais a léiríodh sa mheasúnú. Ní dhearnadh measúnú intleachtúil iomlán ar Melanie mar nach bhfuil aon imní áirithe ann faoina leibhéal ginearálta cumais. Tá an chosúlacht air go bhfuil cumas intleachtúil inti ach meastar gur tearcghnóthú é a gnóthú de bharr saincheisteanna mothúchánacha.

Tá Melanie ag freastal ar scoil mhór mheasúil do chailíní anois in áit a bhfuil meascán maith sóisialta. Is léir óna Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair go bhfuil deacrachtaí ag Melanie meascadh go sóisialta agus a mothúcháin a cheansú. Tarraingíonn sí go maith le daoine fásta ar bhonn duine le duine agus is cosúil go mbíonn sí sa tóir ar aird ó dhaoine aonair. Bíonn an chuma uirthi go dteastaíonn aird uaithi nuair a bhíonn sí sa seomra ranga agus bíonn sí ag iarraidh ar an múinteoir roinnt mhaith ama a chaitheamh léi agus an-aird a thabhairt uirthi.

AINM AN DALTA : Melanie | DÁTA BREITHE. 6/1/'97 | RANG Rang a hAon | DÁTA XXX

# Bileog Phleanála
# An Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

## Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais

(Riachtanais speisialta oideachais an linbh)

*Bíonn deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíocha ag Melanie. Freastalaíonn sí ar na Seirbhísí Síciatrachta do Leanaí agus d'Ógánaigh. Tá tuairisc ón bhfoireann ildisciplíneach sna comhaid.*

## Dul chun cinn go Dáta/Pointí láidre

Cineál agus leibhéal cumais, scileanna agus buanna an linbh

*Tá Melanie socraithe síos go deas ina rang nua agus tá sí tosaithe ag tuiscint céard a bheifear ag súil leis uaithi. Tarraingíonn sí go maith leis an múinteoir ranga agus is maith léi an moladh agus an spreagadh. Is breá le Melanie an ceol agus an amhránaíocht. Taitníonn aird daoine aonair léi chomh maith agus feidhmeoidh sí go maith i suíomh ar bhonn duine le duine. Cuireann Melanie suim go sóisialta i ndaoine eile. Tá feabhas ag teacht ar a bunscileanna léitheoireachta agus litrithe agus bíonn sí bródúil as obair a bheith críochnaithe aici.*

## Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo

Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an linbh agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/a dul chun cinn.

*Tá an claonadh ag Melanie an lámh in uachtar a fháil ar dhaoine eile agus a bheith i gceannas. Ní bhíonn sí sásta trealamh a roinnt le daoine eile ag a bord agus sciobann sí trealamh, cuireann sí nithe i dtaisce agus diúltaíonn sí nithe a thabhairt ar ais. Tá Melanie fágtha ina haonar go sóisialta faoi láthair. Ní fada a thógann sé uirthi aird a tharraingt ar laigí daoine eile. Is minic le Melanie a bheith tarraingthe isteach i gcoimhlint sa chlós (3 eachtra ar a laghad in aghaidh na seachtaine). Ionsóidh sí daoine go fisiciúil gan stró ar bith mura bhfaighidh sí cead a cinn (ag ciceáil, ag brú nó ag bualadh daoine eile). Is minic nach gcríochnaíonn Melanie a cuid oibre sa rang, de bharr easpa dúthrachta de ghnáth. Fágann sin ag tearcghnóthú í.*

(Feidhmíocht oideachais an linbh faoi láthair)

*Léiríonn torthaí na dtástálacha Micra-T agus Stigma-T a rinneadh le gairid go bhfuil sí ag feidhmiú ag an 12ú peircintíl agus ag an 16ú peircintíl. Tá Melanie in ann páirt a ghlacadh i gcuraclam iomlán rang a haon agus bíonn ar a cumas caighdeán maith oibre a bheith aici nuair a bhíonn sí socair agus socraithe síos.*


## Soláthar Speisialta Oideachais

Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don leanbh

*Bíonn tacaíocht ag Melanie ó Ms. Mooney (múinteoir acmhainne) i 4 sheisiún (45 nóiméad an ceann) in aghaidh na seachtaine. Dhá sheisiún ar bhonn duine le duine agus dhá sheisiún i ngrúpa beag.*

## Tuilleadh Eolais

*Cuireadh Melanie faoi chúram altrama ocht mí ó shin. Tá sí ina cónaí in uimhir 55 Áras Altrama Beeches faoi láthair ach tá athbhreithniú á dhéanamh ar a cás chun socrúchán níos fadtéarmaí a fháil di le teaghlach. Bhí ceist ann faoi chumas éisteachta Melanie agus beidh cúramóirí Melanie ag lorg athbhreithniú go práinneach lena Dochtúir Teaghlaigh. Freastalaíonn Melanie ar oifig an Dochtúra Meade i gClinic Síciatrachta na Leanaí.*



AINM AN DALTA: Melanie O'Donoghue | RANG Rang a hAon | DÁTA XX/XX/XX

# Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

**Tosaíochtaí/Spriocanna Fadtéarmacha**

- Go mbeadh cairde nua ag Melanie.
- Go gcríochnódh Melanie na tascanna a thugtar di ar scoil.

Spriocanna agus Straitéisí Is iad seo na spriocanna atá le baint amach ag an dalta taobh istigh de thréimhse nach faide ná 12 mí

**Sprioc 1** - Go n-imreodh Melanie in éineacht leis na daltaí eile sa chlós

Straitéisí

- Í a bheith rannpháirteach i ngrúpa ar scileanna sóisialta gach seachtain lena múinteoir acmhainne.
- Í a bheith rannpháirteach in Am Fáinne leis an rang go léir.
- Tacaíocht le fáil ag Melanie óna dlúthchara i rang a 6.
- Melanie a bheith ar an bhfoireann a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí bruscair lá amháin sa tseachtain.
- Go spreagfadh an fhoireann chúraim Melanie chun cairdeas a dhéanamh trí chead á thabhairt di cuireadh a thabhairt do chara a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, babhláil mar shampla.

**Sprioc 2** - Go roinnfeadh Melanie trealamh ag a bord

Straitéisí

- Go spreagfaí an rang go léir chun trealamh a roinnt.
- Go dtabharfadh an fhoireann chúraim cás peann luaidhe agus trealamh iomlán do Melanie.
- Go gcuirfeadh an múinteoir ranga é seo san áireamh ó lá go lá ar an gcairt mhonatóireachta ar iompraíocht.

**Sprioc 3** - Go labhródh Melanie go séimh le daltaí eile

Straitéisí

- Go n-oibreodh an múinteoir acmhainne le Melanie faoi bhealaí cuí chun díomá nó fearg a chur in iúl agus go n-úsáidfeadh sé/sí sampla a thaispeánfadh cén chaoi le rudaí maithe a rá faoi dhaoine agus a gcuid oibre/daoine a mholadh/buíochas a ghlacadh le daoine.
  Go mbeadh an moladh seo á chleachtadh ag an múinteoir sa rang.
- Go ndéanfadh an múinteoir ranga monatóireacht ar seo ó lá go lá ar an gcairt mhonatóireacht iompraíochta.

**Sprioc 4** - Go mbeadh na tascanna a thugtar do Melanie críochnaithe aici taobh istigh den am a thugtar di

Straitéisí

- É a insint do Melanie go soiléir ag tús an tseisiúin céard a bheifear ag súil leis uaithi.
- Má chríochnaíonn sí an obair roimh an am atá leagtha amach is féidir le Melanie dul go dtí an chlúid léitheoireachta nó cúnamh a thabhairt do Mrs. Duff san oifig (maidin Dé Luain, Dé Máirt agus Déardaoin amháin).
- Mura gcríochnaíonn sí an obair beidh sí le déanamh ag Melanie mar obair bhaile (nóta don fhoireann chúraim sa dialann scoile).

**Sprioc 5 – Go dtuigfeadh Melanie gur féidir léi caighdeán an-mhaith oibre a dhéanamh**

Straitéisí

- Go spreagfaí Melanie chun a thabhairt faoi deara gur éirigh go maith léi go hoibiachtúil (nuair a bhíonn an litriú go léir i gceart aici).
- Go mbeadh rudaí maithe le rá ag an bhfoireann go léir nuair a dhéanann Melanie obair mhaith chomh maith lena rá léi go díreach go bhfuil sí cliste, éirimiúil agus go bhfuil buanna aici agus araile.
- Go gcuirfí Melanie chuig an bpríomhoide chun a cuid oibre a thaispeáint dó/di go háirithe nuair a d'éireodh go maith léi.
- Go gcrochfadh an fhoireann chúraim obair mhaith Melanie ar an gcuisneoir sa chistin.

*Pléifear na féiríní don chairt le foireann na scoile agus leis an bhfoireann chúraim agus déanfar athbhreithniú orthu go rialta. Bíonn trí sheisiún ann sa ló, ceann ar maidin, ceann tar éis am sosa agus ceann sa tráthnóna. Tá trí sprioc ag Melanie ar a cairt (labhairt go deas, trealamh a roinnt agus m'obair bhaile a dhéanamh). Gach uair anois a thuilleann Melanie 15 tic saothraíonn sí réalta do bhord 2 agus faigheann sí 10 nóiméad d'am speisialta le caitheamh ar na ríomhairí.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Síniú (Baill Foirne): | Karen Mooney | Dáta | XXX |
| Tuismitheoir: | Stephen O'Donoghue | Dáta | XXX |
| Síniú Dalta: | Melanie O'Donoghue | | |

Dáta Athbhreithnithe Molta: XXX

**Tráchtaireachtaí mínithe faoi na spriocanna agus na straitéisí**

Tugtar faoi deara, maidir le sprioc 5, go ndéarfaidh an fhoireann go léir rudaí maithe nuair a bheidh obair mhaith déanta ag Melanie, agus go n-inseoidh siad di go díreach go bhfuil sí cliste, éirimiúil agus go bhfuil buanna aici. Tá an cur chuige seo bunaithe ar theoiric na haitreabúideachta agus tá sé dírithe ar chúnamh a thabhairt do Melanie íomhá níos dearfaí di féin a fhorbairt. Tá an cur chuige seo pléite agus aontaithe ag an bhfoireann. Tugtar faoi deara freisin nuair a bheidh Melanie á moladh ag an bhfoireann gur chóir dóibh tuairimí breise ar bith mar 'Dá ndéanfá obair mar seo i gcónaí' a sheachaint mar go mbainfidís ón teachtaireacht dhearfach a bheidís ag iarraidh a chur trasna.

Is bealach é cárta féiríní Melanie chun monatóireacht a dhéanamh ar a hiompraíocht agus í a bheith ag déanamh monatóireachta uirthi féin agus is cóir go gcuideodh sé seo léi chun brí éigin a fháil ar a bheith freagrach as a hiompraíocht féin (lócas inmheánach rialúcháin). Is éard atá i gceist leis seo go mbeadh plé an-ghearr ag Melanie agus ag a múinteoir faoina hiompraíocht ag deireadh gach seisiúin agus go ndéanfaidh an múinteoir cinneadh ansin an mbeadh 'Tá mise gealgháireach' tuillte ag Melanie agus dá mbeadh go dtarraingeofaí ar an gcárta é. Cuidíonn an cur chuige struchtúrtha seo chomh maith le Melanie agus leis an múinteoir na spriocanna a choinneáil ina n-intinn. Pléitear na féiríní a bheidh le tabhairt amach leis an áras cúram altrama ionas nach mbeidh siad difriúil nó sa bhreis ar an gcóras bronnta féiríní atá i bhfeidhm sa scoil cheana féin. Ní cheaptar go dteastóidh na cártaí féiríní seo thar thréimhse fhada, 4-6 seachtaine, b'fhéidir, chun dul i ngleic le hiompraíochtaí ar leith.

AINMM AN DALTA Melanie O'Donoghue | RANG Rang a hAon | DÁTA BREITHE 6/1/97 | DÁTA AN ATHBHREITHNITHE: xxx

# Bileog Athbhreithnithe an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair

## Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais

(Riachtanais speisialta oideachais an linbh)

*Bíonn deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíocha ag Melanie. Freastalaíonn sí ar na Seirbhísí Síciatrachta do Leanaí agus d'Ógánaigh. Tá tuairisc ón bhfoireann ildisciplíneach sna comhaid.*

## Dul chun cinn go Dáta/ Pointí láidre

(Cineál agus leibhéal cumais, scileanna agus buanna an dalta)

*Tá ag éirí go maith le Melanie leis an gclár struchtúrtha agus thaitin a cártaí duaiseanna léi, go háirithe. Thuill sí féiríní mar shampla dul chuig an bpictiúrlann nó chuig an zú leis an bhfoireann chúraim. Tá dul chun cinn seasta á dhéanamh ag Melanie san fhoghlaim acadúil agus tá sí ag déileáil go maith leis an scéim léitheoireachta don rang go léir, go háirithe ó thosaigh sí an léitheoireacht bheirte lena dlúthchara i rang a 6. Críochnaíonn sí tascanna níos rialta anois agus tá feabhas tagtha ar a hiompraíocht sa chlós agus gan ach trí eachtra fhisiciúla tarlaithe le mí anuas (i gcomparáid le 3 eachtra in aghaidh na seachtaine roimhe seo).*

## Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo

(Cineál agus leibhéal riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar a dhul chun cinn/a dul chun cinn)

*Tá roinnt deacrachta ag Melanie fós maidir le labhairt go séimh le daoine eile agus teastóidh tuilleadh oibre a dhéanamh léi sa réimse seo. Is fadhb í seo fós sa chlós mar nach mbíonn stró ar bith ar Melanie caint mhaslaitheach a úsáid agus rudaí goilliúnacha a rá lena n-áirítear tuairimí pearsanta a thabhairt faoin gcaoi a mbreathnaíonn leanaí eile agus maslaí ciníocha.*

(Feidhmíocht oideachais an linbh faoi láthair)

*Tá Melanie ag léamh an leabhair léitheoireachta ranga. Beidh sí ag déanamh na tástála MICRA-T i mí an Mheithimh. Tá an mhatamaitic ag teacht chun cinn mar ábhar atá sách lag agus tá sí ag freastal ar ghrúpa tacaíochta foghlama don mhatamaitic anois.*

## Soláthar Speisialta Oideachais


(Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le cur ar fáil don leanbh)

*Aontaíodh tar éis an athbhreithnithe seo go rachadh Melanie chuig Ms. Mooney (múinteoir acmhainne) le haghaidh 2 sheisiún (45 nóiméad an ceann) in aghaidh na seachtaine, seisiún amháin ar bhonn duine le duine agus seisiún amháin eile don obair ghrúpa. Freastalóidh sí ar ghrúpa tacaíochta foghlama don mhatamaitic le haghaidh rang a haon leis an Uasal Feeney chomh maith, 4 huaire in aghaidh na seachtaine.*

## Tuilleadh Eolais

*Tá cás cúraim Melanie faoi athbhreithniú faoi láthair. Is cosúil go bhfanfaidh sí in áras altrama Beeches go ceann 4-6 mhí eile. Is í Nadia Ruane an duine is mó a oibríonn léi. Thaispeáin an t-athbhreithniú ar a cumas éisteachta go bhfuil beagán sreabhán sa dá chluais. B'fhéidir go bhféadfadh sí osclán silte a úsáid agus tá athbhreithniú le déanamh ar Melanie i gceann 6 mhí.*

Tá Plean Oideachais eile ar bhonn Dalta Aonair beartaithe do théarma an tsamhraidh agus díreofar ar scileanna cumarsáide.



# Cárta Spriocanna

Is le ____Melanie O'Donoghue____ an cárta spriocanna seo

Lá ______________________ Dáta ______________________

| | Labhraím go séimh le daoine eile | Roinnim leis na cailíní ag mo bhord |
|---|---|---|
| Ar maidin (roimh am sosa) | ☐ | ☐ |
| Ar maidin (tar éis am sosa) | ☐ | ☐ |
| Sa tráthnóna | ☐ | ☐ |

Caithfidh mé __________ 'Tá mise gealgháireach' a bhailiú chun féirín a fháil.

Is é seo an féirín atá uaim….

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________



# Aguisíní


GLUAIS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .48

IDIRDHEALÚ . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .50

EAGRÚ AN LEANÚNTAIS TACAÍOCHTA AGUS ACMHAINNE . . . . . . . . . . . . . . . . . 52




# Gluais

## A GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| DES | An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| EPSEN | An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 |
| IEP | Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair |
| IPLP | Próifíl Foghlama an Dalta Aonair |
| NCCA | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| PCSP | Seirbhísí Tacaíochta don Churaclam Bunscoile |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| SDP | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SENO | Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SESS | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| SNA | Cúntóir Riachtanas Speisialta |

## B TÉARMAÍ

### An Múinteoir Tacaíochta

D'fhéadfadh gur múinteoir tacaíochta duine ar bith díobh seo a leanas ag brath ar riachtanais an dalta

- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne leithdháilte ar bhunscoileanna faoi láthair faoin Leithdháileadh Ginearálta
- Múinteoir i mbun acmhainní – múinteoir Acmhainne speisialta oideachais leithdháilte ar an scoil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta a eascraíonn as míchumas íosmhinicíochta de réir théarmaí na nImlitreacha 09/04 agus 02/05 ar Oideachas Speisialta
- Múinteoir Acmhainne do dhaltaí gur baill den Lucht Siúil iad
- Múinteoir Tacaíochta leithdháilte ar líon teoranta scoileanna ar bhonn píolótach chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ag a bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíocha
- Múinteoir tacaíochta teanga do dhaltaí ag a bhfuil riachtanais teanga chomh maith le riachtanais speisialta oideachais
- Comhordaitheoir Teagmhála Baile is Scoile leithdháilte, ar bhonn míbhuntáiste, ar scoileanna áirithe faoin tuath agus sna cathracha

## C DUL CHUN CINN FÓNTA

Is í an teist ar a mhéid is atá freastal á dhéanamh ar riachtanais an dalta, agus an leibhéal tacaíochta a thugtar curtha san áireamh, an leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an dalta is cuma céard iad na deacrachtaí a bhí aige nó aici nuair a thosaigh sé nó sí amach ar dtús.

Níor chóir go nglacfaí leis, áfach, go dtarlóidh dul chun cinn na ndaltaí go léir ag an ráta céanna. Ní mór tuairim a thabhairt i ngach cás aonair faoin méid a bheifí ag súil leis, le réasún, a bhainfeadh dalta faoi leith amach. Bheifí tar éis é seo a mheas agus na spriocanna don phlean á leagan amach.

Mheasfaí go mbeadh dul chun cinn fónta á dhéanamh ag dalta

- Dá mbeadh feabhas tagtha ar ráta dul chun cinn an dalta
- Dá léireofaí go raibh feabhas tagtha ar scileanna sóisialta agus pearsanta an dalta
- Dá léireofaí go raibh feabhas tagtha ar iompraíocht an dalta
- Dá mba rud é gur mhar a chéile dul chun cinn an dalta agus dul chun cinn na bpiaraí sa ghrúpa céanna teagaisc
- Dá mbainfí amach na spriocanna a leagadh amach sa phlean.

(Tagairt: The Special Educational Needs Revised Code of Practice, DFES 2001, Caibidil 5, Alt 541 agus 542)

(léigh freisin mír 3 de Threoirlínte na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do Mhúinteoirí le Daltaí ag a bhfuil Míchumas Foghlama sa mhír 'Dul chun cinn a shonrú')

## D MEASÚNÚ

Is féidir eolas ar mheasúnú a fháil i dTreoirlínte na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do Mhúinteoirí le Daltaí ag a bhfuil Míchumas Foghlama Ginearálta. Tá siad seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (www.ncca.ie). Is féidir eolas ar thástálacha úsáideacha caighdeánaithe agus diagnóiseacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Speisialta (www.sess.ie). Is féidir dul i gcomhairle le síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais faoi uirlisí agus faoi mhodhanna measúnaithe oiriúnacha.

## E ADMHÁIL

Tógadh roinnt de na teimpléid a úsáideadh as *PATHWAY - Making Decisions About the Education of Pupils Giving Concern by Miles Halliwell & Tom Williams (1991)NFER Nelson* agus cuireadh in oiriúint iad.
Tógadh sampla a úsáidtear le haghaidh Tacaí cht Scoile Móide as: *Treoirlínte ar Phróiseas an Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2006) Foilseacháin Rialtais*.
Tá an mhír ar Idirdhealú bunaithe ar ábhar a cuireadh le chéile i gcomhar le hEithne O'Shea, Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta, S.N. Thomáis, Sinsir, Tamhlacht.

## F CÁS-STAIDÉIR

Tabhair faoi deara le do thoil gurb é gur cumadh ainmneacha na ndaltaí go léir agus a gcúlraí i gcomhair na samplaí agus na gcás-staidéar atá sna treoirlínte seo. Tá na riachtanais a thugtar síos dóibh bunaithe ar na riachtanais is coitianta a bhíonn ann agus níl siad bunaithe ar fhíorchásanna.

# Idirdhealú

**Réasúnaíocht**

Foghlaimíonn leanaí ar bhealaí éagsúla. Tá rátaí agus stíleanna foghlama éagsúla acu. Oibríonn modhanna éagsúla níos fearr ná a chéile le leanaí éagsúla. Bíonn amharc-chuimhne mhaith ag roinnt leanaí agus foghlaimeoidh siadsan níos fearr le léaráidí, mapaí, liostaí, gréasán topaicí, sreabhchairt agus b'fhéidir go mbeadh sé níos éasca orthu gach a dtuigeann siad a chur in iúl ar an mbealach seo. Cuimhníonn roinnt leanaí ar gach a gcloiseann siad (bíonn cuimhne éistitheach mhaith acusan) agus bíonn sé níos éasca orthu éisteacht agus labhairt faoin tasc agus freagra a thabhairt ó bhéal. Teastaíonn ó leanaí eile go léireodh an múinteoir an bealach chun tasc a dhéanamh dóibh ar dtús agus/nó go mbeidís ag faire ar dhaltaí eile agus an tasc á dhéanamh acu agus go dtabharfaidís faoi iad féin sula dtuigfeadh siad céard a bheadh i gceist.

## Is é seo go sonrach atá i gceist le hidirdhealú:-

**Tascanna Inláimhsithe**
Chun a chinntiú go mbeadh na tascanna a thabharfaí do na leanaí go léir ag teacht leis an leibhéal cumais agus gnóthachtála a bheadh acu.

**Tascanna Indéanta**
Na tascanna seo a chur i láthair ionas gur féidir le leanaí a thaispeáint céard atá ar eolas acu, céard a thuigeann siad agus céard atá siad ábalta a dhéanamh.

**Tascanna inspreagthacha**
Ligean do leanaí gnóthachtáil agus an mothú a bheith acu gurbh fhiú an fhoghlaim.

## Cineálacha Idirdhealaithe:

**Idirdhealú trí Ionchur**

- Idirdhealú trí threoir
- Idirdhealú trí thasc
- Grúpaí a eagrú

**Idirdhealú trí thacú leis an bpróiseas foghlama**

- Idirdhealú trí luas
- Idirdhealú tríd an tacaíocht a thugtar ag amanna difriúla sa tasc

**Idirdhealú trí thorthaí**

- Idirdhealú trí chaighdeán
- Idirdhealú trí mhéid
- Idirdhealú trí bhealaí éagsúla

## Samplaí de chineálacha éagsúla idirdhealaithe:

**Idirdhealú trí threoracha:**

- D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh ar mhodhanna cur i láthair: scríbhneoireacht, an chaint, taispeántas, éisteacht, físeán
- Sampla a thabhairt agus an tasc a léiriú agus a bheith ag tabhairt treoracha ag an am céanna agus sampla a thaispeáint den obair a bheadh déanta
- Treoracha a shoiléiriú agus a ghiorrú – giota amháin eolais ag an am
- Dath éagsúil a bheith ar gach líne den téacs nuair a bhítear á scríobh ar an gclár dubh– cuidíonn sé seo le leanaí a théann amú sna línte
- Líne a chur faoi na príomhfhocail
- Pictiúir a úsáid ar mhaithe le tuiscint
- Cúpla soicind a thabhairt chun machnamh ar fhreagraí a bheidh le tabhairt ó bhéal
- A chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag daltaí ar a mbeidh le déanamh acu agus ar an bhfáth a mbeidh sin le déanamh acu
- Achoimre a dhéanamh ar cheachtanna – a n-aidhmeanna agus a dtorthaí
- Iarraidh ar dhaltaí a mbíonn deacracht acu treoracha a leanúint na treoracha sin a rá arís leis an múinteoir nó le compánach.

**Idirdhealú sa tasc**

- Cineálacha éagsúla de thascanna a úsáid - mar shampla gníomhaíochtaí labhartha teibí vs. gníomhaíochtaí trialacha, idirghníomhacha
- Leibhéil éagsúla deacrachta a bheith sa tasc
- Ábhair a athrú nuair a thugtar tascanna atá cosúil lena chéile do leanaí - mar shampla tascanna scríofa, tascanna le pictiúir, ábhair choincréiteacha agus phraiticiúla
- Féadfaidh leanaí oibriú ar phíosaí éagsúla den tasc - mar shampla taighde a dhéanamh ar nithe éagsúla is díol spéise faoi Éirinn.
- Úsáid a bhaint as na rudaí difriúla a gcuireann daltaí suim iontu agus na buanna atá ag daltaí.

### Idirdhealú trí ghrúpaí

Braithfidh sé seo ar an ábhar a bheidh á mhúineadh agus ar an líon daltaí agus ar chomhdhéanamh an ranga. Bain úsáid as cineálacha éagsúla de ghrúpaí mar shampla

- Rangtheagasc
- Grúpa cumais mheasctha – (atá go maith le haghaidh tascanna ceannoscailte nó tascanna cruthaitheacha)
- Grúpáil chomhchumais – (d'fhéadfadh lagmheas a bheith mar thoradh ar iomarca den chineál seo grúpála ach tá sé go maith le haghaidh tascanna acadúla áirithe)
- Grúpaí cairdis
- Obair i mbeirteanna
- Obair aonair
- Teagasc i dteannta piara/an córas dlúthchairdis
- Is gá pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh agus b'fhéidir go gcaithfí an chaoi le bheith ag obair go maith le chéile i ngrúpaí a mhúineadh do leanaí. A bheith ag súil le níos mó torainn. Daltaí a bhfuil deacrachtaí acu a chur ina suí in áit ar féidir leo an múinteoir a fheiceáil agus a chloisteáil go soiléir.

#### Na buntáistí atá le bheith ag obair i ngrúpaí

- Ní bhítear ag brath ar an múinteoir – (is féidir le leanaí fadhbanna a réiteach le cabhair óna gcairde)
- Cuireann sí foghlaim i dteannta a chéile go comhoibritheach chun cinn
- Bíonn sí taitneamhach
- Spreagann sí rannpháirtíocht san fhoghlaim

### Idirdhealú trí Thorthaí: caighdeán, méid agus an chaoi a rachaidh siad i gcion ar na daltaí

Dá n-úsáidfí tascanna ceannoscailte tharlódh sé go mbeadh sé de thoradh orthu go mbeadh bealaí éagsúla ann chun an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh agus go mbeadh cuid de na bealaí sin níos forbartha ná a chéile. Deiseanna a thabhairt do leanaí an obair a thaifeadadh ar bhealaí difriúla mar shampla seachas iliomad freagraí a scríobh d'fhéadfadh go mbeadh na moltaí seo a leanas úsáideach:

- Modh ceanndúnta
- Fíor/bréagach
- Na príomhphointí a scríobh síos
- Is ea/ Ní hea
- Píosaí d'abairt a cheangal le chéile - mar shampla tús na habairte le na deireadh
- Abairt a chríochnú
- Gréasán topaicí/táblaí a líonadh isteach le príomhfhocail
- Ag scríobh síos smaointe do scéalta mar shampla
  - carachtar/ainmhí, ainm, mothúchán
  - carachtar, ainm, mothúchán, críoch shona
  - céard ba chúis leis an athrú
  - A mhalairt de na mothúcháin seo
  - 3 chúis leis an mothúchán seo
- abairtí a atheagrú
- línte a tharraingt chun an freagra a cheangal suas leis an gceist
- ord a chur ar abairtí/ailt scríofa (gearr agus greamaigh)
- ord a chur ar chartúin a mbeadh príomhfhocail leo
- An príomhsmaoineamh a tharraingt
- na freagraí cearta a dhathú
- deachtú do leanbh eile
- Freagra ó bhéal a thabhairt ar chompánach nó ar mhúinteoir
- Deachtú ar téip agus obair a chlóscríobh dóibh
- an freagra a thaifeadadh ar téip

# Leanúntas Tacaíochta

| Leanúntas Tacaíochta | Measúnú, Pleanáil, Athbhreithniú agus Coinneáil Taifead | Socruithe Teagaisc (grúpáil agus modhanna) | Acmhainní Daonna | Imlitir 02/05 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht Ranga | Is iad seo a bheidh mar threoir ag measúnuithe agus idirghabhálacha a tharlóidh sa seomra ranga; Polasaí Uile-Scoile agus nósanna imeachta ar chuimsiú, Riachtanais Speisialta Oideachais agus iompraíocht dhearfach agus inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn.<br><br>Áirítear modhanna measúnaithe mar shampla dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí, tástálacha scagtha sna luathbhlianta, tástálacha critéarthagartha, measúnú múnlaitheach agus measúnú bunaithe ar an gcuraclam, seicliostaí agus faire ranga chun láidreachtaí agus riachtanais a aithint. (is féidir iad seo go léir a úsáid chun cur le heolas a gheofaí as tástálacha caighdeánaithe ar ghrúpaí dá ndéanfaí an tástáil)<br><br>Deacrachtaí céadfaíocha ar bith nó riachtanais leighis ar bith a aithint nó a chur as an áireamh<br><br>Cuirfear Plean Tacaíochta Ranga i dtoll a chéile i gcomhar leis na tuismitheoirí agus cuirfear tuairimí an dalta san áireamh, más féidir.<br><br>Plean simplí, inoibrithe a aontaíodh leis na tuismitheoirí a bheidh ann agus beidh athbhreithniú le déanamh air taobh istigh d'am réasúnach. Díreofar ar dhul chun cinn agus ar éifeachtacht na straitéisí a aontaíodh san athbhreithniú leis na tuismitheoirí agus díreofar chomh maith ar riachtanais reatha a aithint agus spriocanna agus straitéisí nua a aontú, má mheastar go bhfuil siad riachtanach. Coinneoidh an múinteoir Ranga comhad ina mbeidh torthaí na measúnuithe, pleananna tacaíochta ranga agus athbhreithnithe. | Beidh teacht ar an gcuraclam iomlán agus beidh idirdhealú ann ó thaobh soláthair agus freagartha de, más cuí.<br><br>Déantar breithniú cúramach ar thimpeallacht mhúinteoireachta, foghlama agus sóisialta an tseomra ranga lena n-áirítear na rialacha, na gnásanna, na féiríní agus na hiarmhairtí a chuirtear i bhfeidhm sa suíomh seo. (Measúnú a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfadh siad seo na bacainní ar an bhfoghlaim a laghdú nó a mhéadú i gcás daltaí aonair)<br><br>Cuirtear socruithe solúbtha grúpála i bhfeidhm istigh sa seomra ranga chun cuidiú leis na modhanna idirdhealaitheacha, chun forbairt scileanna a spreagadh agus chun tacaíocht a bheith ann ó phiaraí más cuí.<br><br>Féachtar le bogearraí agus cláir speisialaithe a úsáid le grúpaí áirithe agus le daltaí aonair.<br>Tugtar breac-chuntas ar rannpháirtíocht dalta agus tuismitheora sa phlean agus aontaítear go mbeidh an dalta agus na tuismitheoirí páirteach ann | Glacann múinteoirí ranga freagracht as:<br>o oiriúntais ar bith atá sa seomra ranga a laghdódh bacainní ar fhoghlaim an dalta a aithint/cheapadh<br>o Cláir/idirghabhálacha idirdhealaitheacha, aonair nó grúpa a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus athbhreithniú a dhéanamh orthu<br>o dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus, nuair is cuí, leis an dalta agus le daoine eile sa scoil i ndáil leis an bpróiseas seo<br>o Smaointe faoi mheasúnú/faoi idirghabháil a chíoradh le comhghleacaithe agus le gairmithe eile a thiocfadh isteach, más gá nó más cuí.<br>D'fhéadfadh go dtacódh Sainmhúinteoirí, Síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus gairmithe eile le hobair an mhúinteora ranga nó an mhúinteora ábhair ag an leibhéal seo ar an mbealach seo:<br>o Cur le forbairt uile-scoile/oiliúint foirne agus le forbairt beartais i réimse an chuimsithe agus inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, forbairt teanga agus araile a chur chun cinn.<br>o Comhairle a thabhairt anois agus arís faoi chláir, faoi mhodhanna agus faoi straitéisí trí chomharliúcháin neamhfhoirmiúla le múinteoirí ranga, ina leagfaí an bhéim ar scileanna nó stór an mhúinteora a fhorbairt seachas ar scileanna agus ar stór na ndaltaí aonair a fhorbairt | **Céim I**<br>Tá scoileanna agus múinteoirí Ranga freagrach as freastal ar riachtanais na ndaltaí go léir trí mhodhanna idirdhealaitheacha a úsáid sa seomra ranga |

# Leanúntas Tacaíochta

Eagrú an Leanúntais Tacaíochta agus Acmhainne    Tacaíocht Scoile

| Leanúntas Tacaíochta | Measúnú, Pleanáil, Athbhreithniú agus Coinneáil Taifead | Socruithe Teagaisc (grúpáil agus modhanna) | Acmhainní Daonna | Imlitir 02/05 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta Céim 11 |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht Scoile | Cuirfear torthaí na bpleananna Tacaíochta Ranga san áireamh sa mheasúnú agus sa phleanáil agus cuirfear a thuilleadh leo. Déanfar measúnú ar phointí láidre agus ar riachtanais an dalta ar an mbealach seo: úsáid a bhaint as tástálacha critéarthagartha, faire an mhúinteora, sceidil thaifeadta ar nósanna iompraíochta agus d'fhéadfaí torthaí na dtástálacha measúnachta caighdeánaithe agus/nó diagnóiseacha a chur leo seo<br><br>Roghnófar múinteoir le bheith ina chomhordaitheoir/comhordaitheoir ar an bPlean Tacaíochta Scoile (múinteoir ranga, Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Múinteoir Acmhainne) agus cuideoidh sé/sí le próiseas idirghabhála, pleanála agus athbhreithnithe na Tacaíochta Scoile. Cuirfear plean le chéile i gcomhar leis an múinteoir ranga, na tuismitheoirí agus an múinteoir/na múinteoirí tacaíochta agus beidh an dalta rannpháirteach ann, de réir mar is cuí. Aithneofar líon beag spriocanna Sonracha, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíocha, Uainithe (SMART) sa Phlean Tacaíochta Scoile (nó i bPróifíl Foghlama an Dalta Aonair). D'fhéadfaí iad go léir nó cuid díobh a roinnt le daltaí eile i ngrúpa nuair a leagfaí amach na spriocanna agus na straitéisí múinteoireachta i bplean don ghrúpa.<br><br>Tugtar iad seo a leanas san áireamh i bpróiseas athbhreithnithe córasach ina mbíonn múinteoirí tuismitheoirí agus dalta rannpháirteach;<br>o monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta agus éifeachtacht na n-idirghabhálacha<br>o féachaint ar ghnéithe nua, spriocanna nua a leagan síos agus mionchoigeartú a dhéanamh ar na straitéisí atá ann/straitéisí nua a aithint. Coinnítear comhad sa scoil ar na daltaí agus coinnítear na cáipéisí go léir a bhaineann leis an bpróiseas seo istigh ann. | Beidh teacht ar an gcuraclam iomlán agus beidh idirdhealú ann ó thaobh soláthair agus freagartha de, más cuí.<br><br>Déantar breithniú cúramach ar thimpeallacht mhúinteoireachta, foghlama agus sóisialta an tseomra ranga lena n-áirítear na rialacha, na gnásanna, na féiríní agus na hiarmhairtí a chuirtear i bhfeidhm sa suíomh seo. (Measúnú a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfadh siad seo na bacainní ar an bhfoghlaim a laghdú nó a mhéadú i gcás daltaí aonair)<br><br>Cuirtear socruithe solúbtha grúpála i bhfeidhm istigh sa seomra ranga chun cuidiú leis na modhanna idirdhealaitheacha, chun forbairt scileanna a spreagadh agus chun tacaíocht a bheith ann ó phiaraí más cuí.<br><br>Féachtar le bogearraí agus cláir speisialaithe a úsáid le grúpaí áirithe agus le daltaí aonair.<br>Tugtar breac-chuntas ar rannpháirtíocht dalta agus tuismitheora sa phlean agus aontaítear go mbeidh an dalta agus na tuismitheoirí páirteach ann | Glacann múinteoirí ranga freagracht as:<br>o oiriúntais ar bith atá sa seomra ranga a laghdódh bacainní ar fhoghlaim an dalta a aithint/cheapadh<br>o Cláir/idirghabhálacha idirdhealaitheacha, aonair nó grúpa a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus athbhreithniú a dhéanamh orthu<br>o dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus, nuair is cuí, leis an dalta agus le daoine eile sa scoil i ndáil leis an bpróiseas seo<br>o Smaointe faoi mheasúnú/faoi idirghabháil a chíoradh le comhghleacaithe agus le gairmithe eile a thiocfadh isteach, más gá nó más cuí.<br><br>D'fhéadfadh go dtacódh Sainmhúinteoirí, Síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus gairmithe eile le hobair an mhúinteora ranga nó an mhúinteora ábhair ag an leibhéal seo ar an mbealach seo:<br>o Cur le forbairt uile-scoile/oiliúint foirne agus le forbairt beartais i réimse an chuimsithe agus inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, forbairt teanga agus araile a chur chun cinn.<br>o Comhairle a thabhairt anois agus arís faoi chláir, faoi mhodhanna agus faoi straitéisí trí chomharliúcháin neamhfhoirmiúla le múinteoirí ranga, ina leagfaí an bhéim ar scileanna nó stór an mhúinteora a fhorbairt seachas ar scileanna agus ar stór na ndaltaí aonair a fhorbairt | Is féidir a thuilleadh tacaíochta foghlama a fháil sa Mhúnla den Leithdháileadh Ginearálta<br><br>Tabhair faoi deara: Áirítear ar na daltaí a mbeifí ag súil go mbeadh tacaíocht á fáil acu ag an leibhéal seo, na daltaí seo a fuair tacaíocht foghlama cheana do chúrsaí litearthachta agus matamaitice, chomhmaith leo siúd ag a raibh riachtanais teanga, shóisialta, mhothúchánacha nó iompraíocha agus a dteastaíonn roinnt tacaíochta sa bhreis uathu seachas mar a bheadh an múinteoir ranga ábalta a chur ar fáil de ghnáth (mar shampla grúpa ar scileanna sóisialta uair amháin sa tseachtain). |

# Leanúntas Tacaíochta

| Leanúntas Tacaíochta | Measúnú, Pleanáil, Athbhreithniú agus Coinneáil Taifead | Socruithe Teagaisc (grúpáil agus modhanna) | Acmhainní Daonna | Imlitir 02/05 Céim III ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht Scoile Móide | Leagfar béim i measúnú a bheidh bunaithe ar thorthaí na bpleananna roimhe seo ar an mbealach a fhoghlaimíonn an dalta agus ar na cúiseanna leis an dul chun cinn nach leor cé gur tharla na hidirghabhálacha a bhí beartaithe. Áireofar anailís níos doimhne ar phointí láidre agus ar dheacrachtaí foghlama leis na modhanna measúnaithe agus bainfear úsáid as tástálacha diagnóiseacha agus as bearta níos sofaisticiúla agus déanfar anailísiú ar iompraíochtaí a bheadh sách deacair le réiteach nó a bheadh sách suntasach.<br><br>D'fhéadfadh go n-iarrfadh an scoil go mbeadh gairmithe seachtracha rannpháirteach go díreach nó go hindíreach sa phróiseas measúnaithe mar shampla Síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus gairmithe sláinte meabhrach<br><br>Tacaíonn comhordaitheoir leis an bPróiseas Tacaíochta Scoile Móide – ball foirne ainmnithe de ghnáth ar a mbíonn an fhreagracht na Riachtanais Speisialta Oideachais a eagrú sa scoil.<br><br>Cuirtear Plean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair le chéile agus bíonn spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha, modhanna soláthair agus straitéisí measúnaithe ann a measadh go cúramach. Áirítear comhairliúchán agus comhairle ó ghairmithe seachtracha mar shampla ó shíceolaithe, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus araile sa phlean. (léigh na Treoirlínte ar an bpróiseas um Phlean Oideachais don Dalta Aonair, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2006).<br><br>Déantar athbhreithniú ar an bplean go rialta leis na tuismitheoirí agus leis an dalta | Teacht a bheith ar churaclam oiriúnach idirdhealaitheach. Rachaidh na hoiriúnuithe ar an gcuraclam chun tairbhe do roinnt daltaí. Tugtar breac-chuntas orthu seo i ndréacht-treoirlínte na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do dhaltaí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama ginearálta.<br><br>B'fhéidir go dteastódh roinnt athruithe a dhéanamh ar thimpeallacht an tseomra ranga/na scoile chun tacú leis na torthaí atá sonraithe sna Pleananna Oideachais ar bhonn Dalta Aonair.<br><br>Teastóidh gníomhaíochtaí breise agus difriúla ó roinnt daltaí mar shampla teicnící ilchéadfaíocha a thacaíonn le forbairt scileanna agus a chuireann deiseanna ar fáil d'atreisiú sonrach agus don rófhoghlaim taobh amuigh den seomra ranga.<br><br>D'fhéadfadh roinnt daltaí tairbhe a bhaint as rang speisialta/Cúntóir Riachtanas Speisialta cuid den lá dá mbeadh sé seo mar chuid d'eagraíocht inmheánach na scoile do roinnt daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais.<br><br>B'fhéidir go mbeadh níos mó fáil a bheith ar Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, ar bhogearraí speisialta agus ar threalamh agus ar ábhair speisialta eile riachtanach chun na spriocanna sa Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair a bhaint amach. | Tá an múinteoir ranga fós freagrach as:<br>○ a bheith ag obair leis an dalta ó lá go lá<br>○ aon oiriúntas atá le déanamh sa rang a chur i bhfeidhm agus as roinnt de na cláir/idirghabhálacha idirdhealaitheacha, aonair nó grúpa a aithníodh i bpróiseas pleanála na Tacaíochta Scoile Móide a sholáthar<br>○ cur leis an bpróiseas athbhreithnithe<br>○ féachaint ar an gcleachtas agus a riachtanais forbartha ghairmiúla leanúnacha féin a aithint faoi mar a léirítear sa phróiseas seo<br><br>Tá Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/ Múinteoirí Acmhainne/Múinteoirí Tacaíochta/ Múinteoirí ranga speisialta freagrach as cláir aonair nó cláir do ghrúpa beag a fhorbairt agus a sholáthar mar thaca leis na spriocanna a aithníodh sa Phlean Oideachais ar bhonn Dalta Aonair.<br><br>Bainfidh roinnt daltaí tairbhe as tacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta a leithdháladh ar an rang.<br><br>D'fhéadfadh go dtacódh Sainmhúinteoirí, Síceolaithe as an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus gairmithe eile le hobair an mhúinteora ranga agus na múinteoirí tacaíochta ag an leibhéal seo ar an mbealach seo:<br>○ a bheith páirteach go díreach/go hindíreach i bpleanáil, idirghabháil, measúnú agus athbhreithniú<br>○ tacaíocht ilghníomhaireachtaí a sholáthar | **Céim III**<br>Tá níos mó tacaíochta ar leibhéal níos airde thar mar atá i gCéim II ar fáil sa Mhúnla don Leithdháileadh Ginearálta agus sna sain-leithdháiltí aonair le haghaidh acmhainní múinteoireachta /tacaíochta ó chúntóir riachtanas speisialta tríd an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.<br><br>Tabhair Faoi Deara: Áirítear leis seo an chuid is mó de na daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais dá dtagraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais "ardmhinicíochta" agus na daltaí go léir ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais dá dtagraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais "íosmhinicíochta". |